

## I

(Gníomhartha reachtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2022/2056 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Deireadh Fómhair 2022

lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa <sup>(1)</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach <sup>(2)</sup>,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá sé ar cheann de chuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI), mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>, a áirithiú go ndéanfar beo-acmhainní uisceacha a shaothrú ar bhealach ina soláthrófar dálaí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta atá inbhuanaithe.
- (2) Trí bhíthin Chinneadh 98/392/CE ón gComhairle <sup>(4)</sup>, d'fhormheas an tAontas Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 agus dhaingnigh sé, trí bhíthin Chinneadh 98/414/CE ón gComhairle <sup>(5)</sup>, an Comhaontú maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach a chur chun feidhme, ina bhfuil prionsabail agus rialacha i dtaca le beo-acmhainní na farraige a chaomhnú agus a bhainistiú. Faoi chuimsiú na n-oibleagáidí idirnáisiúnta eile atá air, bíonn an tAontas rannpháirteach in iarrachtaí a dhéantar in uisce idirnáisiúnta chun stoic éisc a chaomhnú agus féachann sé le rialachas domhanda na n-aigéan a neartú agus bainistiú iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn.

<sup>(1)</sup> IO C 341, 24.8.2021, lch. 108.

<sup>(2)</sup> Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022.

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

<sup>(4)</sup> Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle an 23 Márta 1998 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 agus Chomhaontú an 28 Iúil 1994 maidir le cur chun feidhme Chuid XI de (IO L 179, 23.6.1998, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Cinneadh 98/414/CE ón gComhairle an 8 Meitheamh 1998 maidir leis an gComhphobal Eorpach do dhaingniú an Chomhaontaithe a bhaineann le forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 a chur chun feidhme i ndáil le caomhnú agus le bainistiú stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mórimirceach (IO L 189, 3.7.1998, lch. 14).

- (3) Trí bhíthin Chinneadh 2005/75/CE ón gComhairle <sup>(6)</sup>, d'fhorpheas an Comhphobal Eorpach a aontachas leis an gCoinbhinsiún maidir le Stoic Éisc Mhórimirceacha san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú (“an Coinbhinsiún”), lena mbunaítear an Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC).
- (4) Tá sé d’údarás ag WCPFC cinntí atá ceangailteach ó thaobh dlí de (“Bearta Caomhnaithe agus Bainistíochta” nó “CMManna”) a ghlacadh chun acmhainní iascaigh atá faoina gcúram a chaomhnú. Is ar pháirtithe conarthacha an Choinbhinsiúin den chuid is mó atá na cinntí sin dírithe, ach cuirtear oibleagáidí ar na hoibreoirí (mar shampla, ar mháistrí soithí iascaireachta) leo freisin.
- (5) Ar theacht i bhfeidhm dóibh, tá CMManna ceangailteach ar gach páirtí conarthach sa Choinbhinsiún, lena n-áirítear an tAontas.
- (6) Cé go gcuirtear príomhfhórála ábhartha CMManna chun feidhme ar bhonn bliantúil i gcomhthéacs an Rialacháin maidir le deiseanna iascaireachta, cuireadh na fórála a bhí fágtha chun feidhme den uair dheireanach trí Theideal V de Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle <sup>(7)</sup>. Is gá, dá bhrí sin, a áirithiú go gcuirfead CMM a ghlac WCPFC chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil i ndlí an Aontais agus go gcuirfead iad, dá bhrí sin, chun feidhme laistigh den Aontas go haonfhoirmeach agus go héifeachtach, agus go dtabharfaidh siad soiléireacht agus intuathacht d’oibreoirí shoithí iascaireachta de chuid an Aontais.
- (7) De bhun Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tá gníomhaíochtaí an Aontais in eagraíochtaí iascaigh idirnáisiúnta le bheith bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil chun a áirithiú go mbainistíofar acmhainní iascaigh i gcomhréir le cuspóirí CBI, go háirithe chun a áirithiú go mbeidh saothrú bheo-acmhainní bitheolaíoch na mara inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de san fhadtéarma agus go n-athbhunóidh agus go gcothabhálfaidh sé líon na speiceas saothraithe os cionn na leibhéal atá in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh, chun dálaí a chur ar fáil do thionscal gabhála agus próiseála iascaireachta agus do ghníomhaíocht iascaireachta ar talamh atá iomaíoch agus inmharthana ó thaobh an gheilleagair de agus chun cur le hinfhaighteach soláthairtí bia inbhuanaithe.
- (8) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(8)</sup>, tá an Gníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA), arna iarraidh sin don Choimisiún, le cúnaimh a thabhairt don Aontas agus do na Ballstáit ina gcaidreamh le tríú tíortha agus le heagraíochtaí iascaigh idirnáisiúnta réigiúnacha a bhfuil an tAontas ina bhall díobh. I gcomhréir leis an Rialachán sin, nuair is gá chun oibleagáidí an Aontais a chur chun feidhme, tá ar EFCA, arna iarraidh sin don Choimisiún, gníomhaíochtaí rialaithe agus cigireachta na mBallstát a chomhordú ar bhonn cláir idirnáisiúnta rialaithe agus chigireachta, lena bhféadfar cláir a chuirtear chun feidhme i CMManna WCPFC a áireamh. Féadfaidh EFCA, i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, cláir chigireachta agus faireachais oibríochtúla chomhpháirteacha a tharraingt suas chun na críche sin trí phleananna imlonnaithe chomhpháirteacha a bhunú. Is iomchuí, dá bhrí sin, fórála a ghlacadh sa Rialachán seo a áiríonn EFCA, nuair a ainmníonn an Coimisiún é mar an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún a fhaigheann ó na Ballstáit, agus a chuireann chuig Rúnaíocht WCPFC, faisnéis a bhaineann le rialú agus cigireacht, amháil tuarascálacha cigireachta ar muir agus fógraí ábhartha faoin gClár Breathnóirí Réigiúnacha (“ROP”) de chuid WCPFC.
- (9) Ag cur san áireamh gurb é is dóichí go ndéanfar CMManna a leasú tuilleadh amach anseo ag cruinnithe bliantúla WCPFC, chun CMManna a chur chun feidhme i ndlí an Aontais go tapa, chun cothrom na Féinne a atreisiú agus tuilleadh tacaíochta a thabhairt do bhainistíocht fhadtéarmach inbhuanaithe na stoc, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh um Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith na ngnéithe seo a leanas: faisnéis ar shoitheach a thíolacadh, ceanglais an Chórais Faireacháin Soithí (“VMS”), an céatadán de scéim cumhdaigh na mbreathnóirí faoi ROP, cearta agus oibleagáidí na mbreathnóirí, cearta agus freagrachtaí oibreoirí na soithí, na maistrí agus na gcruinní, spriocamanna tuairiscithe agus Iarscríbhinní I go VI, lena gcumhdaítear bearta maoluithe maidir le héin, marcáil agus sonraíochtaí eile le haghaidh soithí, caighdeáin íosta le haghaidh Cumarsáidithe Uathoibríochá Suímh a úsáidtear in VMS WCPFC, Dearbhú Trasloingsithe WCPFC agus léiriú ar dhoruithe siorca. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr <sup>(9)</sup>. Go sonrath, chun rannpháirtíocht

<sup>(6)</sup> Cinneadh 2005/75/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 2004 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún maidir le Stoic Éisc Mhórimirceacha san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú (IO L 32, 4.2.2005, lch. 1).

<sup>(7)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2007 lena leagtar síos bearta teicniúla chun stoic áirithe de speicis mhór-imirceacha a chaomhnú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 973/2001 (IO L 123, 12.5.2007, lch. 3).

<sup>(8)</sup> Rialachán (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (IO L 83, 25.3.2019, lch. 18).

<sup>(9)</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

- (10) Leis na gníomhartha tarmligthe dá bhforáiltear sa Rialachán seo, níor cheart difear a dhéanamh do chur chun feidhme athruithe ar CMManna amach anseo i ndlí an Aontais tríd an ngnáthnós imeachta reachtach.
- (11) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(10)</sup> agus thug an Maoirseoir tuairim an 14 Meitheamh 2021. Ba cheart sonraí pearsanta a phróiseáiltear faoi chuimsiú an Rialacháin seo a láimhseáil i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(11)</sup> agus Rialachán (AE) 2018/1725. Chun comhlíonadh na n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a áirithiú, ba cheart na sonraí pearsanta a stóráil ar feadh tréimhse 10 mbliana. I gcás ina bhfuil na sonraí pearsanta atá i gceist ag teastáil le haghaidh obair leantach maidir le sárú, le haghaidh cigireachta nó le haghaidh nósanna imeachta breithiúnacha nó riaracháin, is féidir na sonraí sin a stóráil ar feadh tréimhse níos faide ná 10 mbliana, ach nach faide ná 20 bliain.
- (12) Ba cheart Airteagal 4(4) agus Airteagal 28 de Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 a scriosadh toisc go gcuirtear bearta uile WCPFC chun feidhme leis an Rialacháin seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### CAIBIDIL I

### Forálacha Ginearálta

#### Airteagal 1

#### Ábhar

Leis an Rialachán seo, leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta maidir le hiascaireacht sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le Stoic Éisc Mhórimirceacha san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú, dá bhfuil an tAontas aontaithe de bhun Chinneadh 2005/75/CE, agus maidir leis na speicis éisc faoi chúram an Choinbhinsiúin sin.

#### Airteagal 2

#### Raon feidhme

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht i Limistéar an Choinbhinsiúin.

#### Airteagal 3

#### Sainmhínthe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínthe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “an Coinbhinsiún” an Coinbhinsiún maidir le Stoic Éisc Mhórimirceacha san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú, arna leasú ar uairibh;

<sup>(10)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

<sup>(11)</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

- (2) ciallaíonn “Limistéar an Choinbhinsiúin” an limistéar a bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir leis mar a thuairiscítear ina Airteagal 3(1) de;
- (3) ciallaíonn “WCPFC” an Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir arna bhunú faoin gCoinbhinsiún;
- (4) ciallaíonn “soitheach iascaireachta de chuid an Aontais” aon soitheach a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain aige, a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid chun críche na hiascaireachta, lena n-áirítear longa tacaíochta, soithí iompair agus aon soitheach eile a bhfuil baint dhíreach aige le hiascaireacht den sórt sin;
- (5) ciallaíonn “iascaireacht”:
  - (a) éisc a chuardach, a ghabháil, a thógáil nó a bhuint;
  - (b) iarracht a dhéanamh éisc a chuardach, a ghabháil, a thógáil nó a bhuint;
  - (c) ag gabháil d’aon ghníomhaíocht eile is féidir a cheapadh go réasúnach go ndéanfar de thoradh uirthi éisc a aimsiú, a ghabháil, a thógáil nó a bhuint chun aon chríche;
  - (d) feistí um chomhbhailiú éisc nó trealamh leictreonach gaolmhar amhail rabhcháin raidió a chur, a chuardach nó a aisghabháil;
  - (e) aon oibríocht ar muir mar thacaíocht dhíreach d’aon ghníomhaíocht ar a dtugtar tuairisc i bpointí (a) go (d), lena n-áirítear trasloingsiú; nó
  - (f) aon soitheach, aon fheithicil, aon aerárthach nó aon ártach foluaineach eile a úsáid, le haghaidh aon ghníomhaíocht ar a dtugtar tuairisc i bpointí (a) go (d), ach amháin le haghaidh éigeandálaí a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht an chriú nó le sábháilteacht soithigh;
- (6) ciallaíonn “CMM” na Bearta Caomhnaithe agus Bainistíochta is infheidhme a ghlac WCPFC;
- (7) ciallaíonn “deiseanna iascaireachta” cuótaí iascaireachta, iarracht iascaireachta arna leithdháileadh ar Bhallstát nó tréimhsí coiscthe mar a fhoráiltear i ngníomh Comhphobail atá i bhfeidhm le haghaidh Limistéar an Choinbhinsiúin;
- (8) maidir le “mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine”
  - (a) ciallaíonn sé, ach níl sé teoranta dó, éisc:
    - (i) a théann i bhfostú i mogaill an pheaslín-saighne nó a bhrúitear sa pheas-saighne;
    - (ii) dá ndéantar damáiste mar gheall ar fhoghail ó shiorcanna nó ó mhíolta móra; nó
    - (iii) a fuair bás agus a d’éirigh lofa sa líon i gcás inar chuir cliseadh ar ghiar cosc ar an líon agus ar an ngabháil a aisghabháil mar is gnáth mar aon le hiarrachtaí na héisc a scaoileadh beo; agus
  - (b) ní áirítear le “mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine” éisc:
    - (i) a mheastar a bheith ina n-éisc neamh-inmhianaithe ó thaobh a méid, na hindíoltachta, nó chomhdhéanamh na speiceas; nó
    - (ii) a d’éirigh lofa nó éillithe de thoradh ghníomh nó neamhghníomh chriú an tsoithigh iascaireachta.
- (9) ciallaíonn “feiste um chomhbhailiú éisc” nó “FAD” aon ní nó grúpa nithe, ar aon mhéid, atá nó nach bhfuil imscartha, atá beo nó neamhbheo, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, bhaoithe, snámháin, fál, uigí, plaistigh, bambú, logaí agus míolsiorcanna ar foluain ar nó i ngiorracht do dhromchla an uisce a bhféadfadh iasc a bheith ina measc;
- (10) ciallaíonn “socrú éadomhain” iascaigh ina ndéantar iascaireacht agus tromlach na nduán i ndoimhneacht is éadomhne ná 100 méadar;
- (11) ciallaíonn “Taifead” Taifead ar Shoithí Iascaireachta WCPFC;
- (12) ciallaíonn “WIN” uimhir aitheantais WCPFC;
- (13) ciallaíonn “VMS” Córas um Fhaireachán Soithí;
- (14) ciallaíonn “ROP an Clár Breathnóirí Réigiúnacha” arna bhunú ag WCPFC chun sonraí gabhálacha fíoraíthe, sonraí eolaíochta eile agus faisnéis bhreise a bhaineann leis an iascach a bhailiú i Limistéar an Choinbhinsiúin, agus chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme CMManna;
- (15) ciallaíonn “baoi uirlise” baoi ar a bhfuil uimhir thagartha atá marcáilte go soiléir lena bhféadfaí é a shainnithint agus a bhfuil córas rianaithe satailíte ina threalamh aige chun faireachán a dhéanamh ar a shuíomh;
- (16) ciallaíonn “baoi sonraí” gaireas atá ar snámh, a ghluaiseann uaidh féin nó atá ar ancaire, a ndéanann eagraíochtaí nó eintitis eolaíochta rialtais nó aitheanta iad a imscaradh chun sonraí comhshaoil a bhailiú agus a thomhas go leictreonach, agus nach ndéantar a imscaradh chun críocha gníomhaíochtaí iascaireachta;

- (17) ciallaíonn “Dearbhú Trasloingsithe WCPFC” doiciméad ina bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn IV;
- (18) ciallaíonn “Póca Mórmhara an Oirthir” an limistéar mórmhara arb iad Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na nOileán Cooke, Pholainéis na Fraince agus Chiribeas a theorainneacha thiar, thoir agus thuaidh faoi seach in éineacht leis na comhordanáidí geografacha, agus mar a léirítear ar an léarscáil, a leagtar amach in Iarscríbhinn V;
- (19) ciallaíonn “roic de chineál mobulidae” speiceas de fhine Mobulidae, lena n-áirítear roic mhanta agus roic mhobula;
- (20) ciallaíonn “cumarsáidí uathoibríoch suímh” nó “ALC”, tarchuradóir lena ndaingnítear suíomh de réir satailíte beagnach i bhfíor-am;
- (21) ciallaíonn “ábhar muirí aischurtha” gabhálacha a chuirtear ar ais san fharraige;
- (22) ciallaíonn “cigire údaraithe” cigire de chuid páirtí conarthach sa Choinbhinsiún ar cuireadh a aitheantas in iúl do WCPFC;
- (23) ciallaíonn “cigire údaraithe de chuid an Aontais” cigire de chuid an Aontais ar cuireadh a aitheantas in iúl do WCPFC i gcomhréir le haon ghníomh arna ghlacadh de bhun Airteagal 79(7) de Rialachán(CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle <sup>(12)</sup>.

#### Airteagal 4

#### Údaruithe

1. Déanfaidh na Ballstáit an líon údaruithe chun iascaireacht a dhéanamh agus an leibhéal iascaireachta a bhainistiú i gcomhréir leis na deiseanna iascaireachta.
2. Leagfar an méid seo a leanas amach le gach údarú le haghaidh an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais dá n-eisítear é:
  - (a) na limistéir shonracha, na speicis shonracha agus na tréimhsí sonracha dá bhfuil an t-údarú bailí;
  - (b) gníomhaíochtaí a cheadaítear don soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanamh;
  - (c) toirmeasc ar an iascaireacht agus ar éisc a bheith á gcoinneáil ar bord, á dtrasloingsiú nó á dtabhairt ag soitheach iascaireachta de chuid an Aontais i dtír i limistéir faoi dhlinse Stáit eile ach amháin de bhun aon cheadúnais, cheada nó údaraithe a fhéadfaidh an Stát eile sin a éileamh;
  - (d) an ceanglas go gcoinneoidh an soitheach iascaireachta de chuid an Aontais an t-údarú arna eisiúint de bhun na míre seo ar bord, nó go gcoinneofar cóip dheimhnithe de, agus aon cheadúnas, aon chead nó aon údarú, nó aon chóip dheimhnithe de, arna eisiúint ag Stát cósta, mar aon le deimhniú bailí de chlárúchán an tsoithigh.

#### Caibidil II

#### Bearta Caomhnaithe agus Bainistíochta

#### Airteagal 5

#### Gabháil a choinneáil san iascach tuinníní teochreasacha peas-saighne

1. Déanfaidh soithí peas-saighne de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht sna limistéir eacnamaíocha eisiacha agus ar an mórmhuir laistigh de Limistéar an Choinbhinsiúin arb é 20°T agus 20°D a dteorainneacha, gach gabháil tuinníní mórshúileacha, boiníotónna aigéanacha agus tuinníní buí a choinneáil ar bord, seachas sna cásanna seo a leanas:
  - (a) i gcás, agus líonta á gcur den uair dheireanach ag soitheach, nach bhfuil go leor spás stórála ann le haghaidh gach iasc dá gabháladh sna líonta sin; agus sa chás sin, féadfar na héisc iomarcacha arna ngabháil sna líonta deireanacha sin a aistriú chuig soitheach peas-saighne eile agus iad a choinneáil ar bord an tsoithigh sin ar choinníoll nach mbeidh toirmeasc air sin faoin dlí is infheidhme;

<sup>(12)</sup> Rialachán (CE) Uimh.1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh.2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh.768/2005, (CE) Uimh.2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh.388/2006, (CE) Uimh.509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh.1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh.1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh.2847/93, (CE) Uimh.1627/94 agus (CE) Uimh.1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

- (b) i gcás ina bhfuil na héisc mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine; agus
- (c) i gcás ina dtarlaíonn mífhaidhmiú tromchúiseach trealaimh.
2. I gcás ina gcinneadh máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais nár cheart éisc a thógáil ar bord ar chúiseanna a bhaineann leis an méid, le hindíoltacht, nó le comhdhéanamh na speiceas, déanfar na héisc a scaoileadh sula ndéanfar an líon iascaireachta a fháscadh go hiomlán agus gan níos mó ná leathchuid an lín aisghafa.
3. I gcás ina gcinneadh máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais nár cheart éisc a thógáil ar bord toisc gur gabhadh é agus na heangacha á gcur den uair dheireanach, nuair nach bhfuil go leor spás stórála ann le haghaidh na n-iasc uile a gabhadh an uair sin, féadfar na héisc a aiscur ar choinníoll:
- (a) go ndéanfaidh an máistir agus an criú iarracht na héisc a scaoileadh beo a luaithe is féidir; agus
- (b) nach ndéanfar aon iascaireacht eile tar éis aiscur na n-iasc go dtí go mbeidh na héisc atá ar bord an tsoithigh iascaireachta tugtha i dtír nó trasloingsithe.
4. Ní dhéanfar éisc a aiscur ó shoithí iascaireachta de chuid an Aontais ach amháin tar éis do bhreathnóir ROP meastachán a dhéanamh faoi chomhdhéanamh speiceas na n-iasc a bheidh le haiscur.
5. Laistigh de 48 n-uair an chloig tar éis aon iasc a aiscur, cuirfidh máistir an tsoithigh de chuid an Aontais tuarascáil faoi bhráid Rúnaíocht WCPFC, agus an Ballstát brataí agus an Coimisiún i gcóip, ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas:
- (a) ainm, bratach agus uimhir aitheantais WIN an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais agus ainm agus náisiúntacht an mháistir;
- (b) uimhir cheadúnais;
- (c) ainm an bhreathnóra ar bord;
- (d) dáta, am agus suíomh (domhanleithead/domhanfhad) an aischuir;
- (e) dáta, am agus suíomh (domhanleithead/domhanfhad) agus cineál (sruthfheiste um chomhbhailiú éisc, feiste um chomhbhailiú éisc ar ancaire, scoil shaor etc.) na líonta a cuireadh;
- (f) an chúis gur aischiúradh na héisc, lena n-áirítear ráiteas faoin stádas aisghabhála má aischiúradh na héisc toisc iad a bheith mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine;
- (g) tonnáiste measta agus comhdhéanamh speiceas na n-iasc aischurtha;
- (h) tonnáiste measta agus comhdhéanamh speiceas na n-iasc a coinníodh ón turas sin;
- (i) má aischiúradh éisc i gcomhréir le mír 3, ráiteas nach ndéanfar aon iascaireacht eile go dtí go ndéanfar an t-iasc gafa ar bord a dhíluchtú; agus
- (j) aon fhaisnéis eile a mheasfaidh máistir an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais a bheith ábhartha.
6. Soláthróidh máistir an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais, an tráth céanna a chuirfear í faoi bhráid Rúnaíocht WCPFC, an fhaisnéis ar a dtugtar tuairisc i mír 5 do bhreathnóir ROP ar bord.

#### Airteagal 6

#### Faireachán agus rialú san iascach tuinníní teochreasacha peas-saighne

1. D'ainneoin Airteagal 26, méadófar minicíocht an fhaireacháin VMS maidir le suíomh soithí a tharchur, go dtí gach 30 nóiméad le linn na dtreimhsí coisc FAD mar a shainmhínítear sa Rialachán maidir le deiseanna iascaireachta.
2. Ní oibreoidh soithí peas-saighne de chuid an Aontais agus tuairisciú de láimh i bhfeidhm le linn thréimhsí coisc FAD.
3. Má chuireann Rúnaíocht WCPFC deireadh le glacadh uathoibríoch shuíomhanna soitheach iascaireachta de chuid an Aontais ó VMS, ní ordófar don soitheach filladh ar an gcalafort go dtí go mbeidh gach beart réasúnach úsáidte ag Rúnaíocht WCPFC chun gnáthghlacadh uathoibríoch na suíomhanna ó VMS a athbhunú.

4. Iompróidh soithí peas-saighne breathnóir ROP má bhíonn an soitheach sin ag iascach laistigh den limistéar arb é 20° T agus 20° D a theorainneacha i gceann de na cásanna seo a leanas:

- (a) ar an mórmhuir;
- (b) ar an mórmhuir agus in uiscí faoi dhlínse Stáit chósta amháin nó níos mó; nó
- (c) in uiscí faoi dhlínse dhá Stáit chósta nó níos mó.

#### Airteagal 7

### FADanna agus baoithe uirlise san iascach tuinníní teochreasacha peas-saighne

1. Comhlíonfar na sonraíochtaí seo a leanas agus FADanna á gceapadh agus á dtógáil chun a chur in úsáid i Limistéar an Choinbhinsiúin, nó maidir le FADanna a théann le sruth isteach sa Limistéar sin:

- (a) má chumhdaítear an chuid de FAD atá ar foluain nó cuid an rafta de (struchtúr comhréidh nó rollta) le líon mogaill, is lú ná 7 cm an méid a bheidh ina mogallra rite a agus déanfar an líon mogaill a fhilleadh timpeall an rafta ar fad go maith chun nach mbeidh aon chuid den líon ar crochadh faoi bhun an FAD nuair a dhéanfar í a imscaradh;
- (b) má úsáidtear líon mogaill, beidh méid a mogallra rite níos lú ná 7 cm nó ceangailte go dlúth ina cuacha nó ina “hispíní” agus go leor meáchain ag an tsúil chun an líon a choinneáil thíos sa cholún uisce go teann. De rogha air sin, féadfar aon phainéal ualaithe amháin de líon le mogallra rite ar mhéid is lú ná 7 cm nó leathán soladach (amhail canbhás nó nílón) a úsáid.

2. Le linn thréimhsí coisc FAD arna mbunú le gníomhartha de chuid an Aontais um an leithdháileadh deiseanna iascaireachta, beidh toirmeasc ar shoithí peas-soighne de chuid an Aontais, lena n-áirítear aon chuid dá dtrealamh iascaireachta agus aon cheann dá mbáid freastal, a bheith lonnaithe laistigh d'aon mhuirmhíle amháin ó FAD agus líonta á gcur acu.

3. Ní úsáidfeadh soithí iascaireachta de chuid an Aontais chun éisc a chomhbhailiú, ná chun éisc chomhbhailithe a aistriú, ná ní úsáidfeadh soilse faoi uisce ná baoiteáil.

4. Ní aisghabhfaidh soitheach iascaireachta de chuid an Aontais FADanna ná trealamh leictreonach gaolmhar le linn thréimhse choisc FAD ach amháin:

- (a) i gcás ina n-aisghabhfar FADanna nó trealamh leictreonach gaolmhar agus go gcoinneofar ar bord an tsoithigh iad go dtí go dtiocfar i dtír nó go dtí deireadh thréimhse choisc an FAD; agus
- (b) mura ndéanfaidh an soitheach iascaireachta de chuid an Aontais aon turas ar feadh thréimhse 7 lá tar éis aisghabháil aon fheiste um chomhbhailiú éisc nó laistigh de gha 50 muirmhíle ó phointe aisghabhála aon fheiste.

5. I dteannta mhír 4, ní oibreoidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais i gcomhar le chéile chun éisc chomhbhailithe a ghabháil.

6. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais aon turas le linn na thréimhse coisc laistigh d'aon mhuirmhíle amháin ó phointe mar ar aisghabh soitheach eile FAD laistigh de 24 uair an chloig roimh an turas, i gcás ina bhfuil máistir an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais ar an eolas faoi shuíomh agus am aisghabháil FAD sin.

7. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh a gcuid soitheach a bhfuil a mbratach ar foluain acu a oibríonn in uiscí Stáit chósta dlíthe an Stáit chósta sin maidir le FAD a bhainistiú, lena n-áirítear iad a rianú.

#### Airteagal 8

### Baoithe uirlise

Déanfar na baoithe uirlise a ghníomhachtú ar bord an tsoithigh peas-saighne go heisiach.

*Airteagal 9***Baoithe sonraí**

1. Beidh toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh laistigh d'aon mhuirmhíle amháin de bhaoi sonraí, agus ar idirghníomhú le baoi sonraí. Áireofar ar an toirmeasc sin an baoi a chiorclú le trealamh iascaireachta, an soitheach, nó aon trealamh iascaireachta, nó aon pháirt nó aon chuid den soitheach a fheistiú le baoi sonraí nó a cheangal leis an mbaoi nó lena mhúráil, agus líne ancaire baoi sonraí a ghearradh.
2. Má théann soitheach iascaireachta de chuid an Aontais i bhfostú i mbaoi sonraí, bainfear an trealamh atá i bhfostú ar bhealach lena ndéanfar a laghad díobháil is féidir don bhaoi sonraí.
3. Tuairisceoidh máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais chuig an mBallstát brataí gach cás ina dtéann trealamh i bhfostú i mbaoi agus dáta, suíomh agus cineál an cháis á soláthar, mar aon le haon fhaisnéis aitheantais atá ar an mbaoi sonraí. Déanfaidh an Ballstát brataí sin an tuarascáil a sheoladh chuig an gCoimisiún láithreach.
4. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh cláir thaighde eolaíochta a mbeidh fógra fúthu tugtha don Choimisiún agus údarú ina leith faighte uaidh, soithí iascaireachta de chuid an Aontais a oibriú laistigh d'aon mhuirmhíle amháin ó bhaoi sonraí, ar choinníoll nach n-idirghníomhóidh siad leis na baoithe sonraí sin ar an mbealach dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 10***Sainlimistéar bainistíochta Phóca Mórmhara an Oirthir**

1. Tuairisceoidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais a oibríonn i bPóca Mórmhara an Oirthir aon chás ina bhfeictear aon soitheach iascaireachta chuig a mBallstát brataí, chuig an gCoimisiún nó chuig comhlacht arna n-ainmniú aige, agus chuig Rúnaíocht WCPFC. Aireofar ar an bhfaisnéis atá le tuairisciú: dáta agus am (AUL), suíomh (fíorchéimeanna) domhanleithid agus domhanfhaid, treo-uillinn, marcálacha, luas (muirmhílte san uair) agus an cineál soithigh. Áiritheoidh soithí iascaireachta go dtarchuirfear an fhaisnéis laistigh de 6 uair an chloig ón tráth a fheictear an soitheach.
2. Gheobhaidh Stáit chósta mháguaird nó críocha cósta máguaird sonraí leanúnacha beagnach i bhfíor-am ó VMS.

*Airteagal 11***Trasloingsiú**

1. Tarlóidh gach trasloingsiú arna dhéanamh i Limistéar an Choinbhinsiúin a bhaineann le speicis mhór-imirceacha a chumhdaítear faoin gCoinbhinsiún i gcalafort agus déanfar iad a ualú i gcomhréir le hAirteagal 60 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.
2. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún trasloingsithe arna ndéanamh ag soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu, ach amháin i gcás ina mbeidh an soitheach á oibriú faoi shocrú maidir le cairtffhostú, léas nó sásra comhchosúil eile, mar chuid lárnach de chabhlach intíre Stáit chósta i Limistéar an Choinbhinsiúin.
3. Maidir le máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais a bheidh ag dí-ualú táirgí iascaigh de stoic éisc mhór-imirceacha a chumhdaítear le Limistéar an Choinbhinsiúin agus a thógtar sa Limistéar sin le linn trasloingsiú i gcalafort nó lasmuigh de Limistéar an Choinbhinsiúin, líonfaidh an máistir sin Dearbhú Trasloingsithe WCPFC isteach le haghaidh gach trasloingsithe gabhála arna tógáil i Limistéar an Choinbhinsiúin. Seolfar Dearbhú Trasloingsithe WCPFC chuig údarás inniúil Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais.
4. Maidir le máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais a bheidh ag fáil táirgí iascaigh de stoic éisc mhór-imirceacha a chumhdaítear le Limistéar an Choinbhinsiúin agus a thógtar sa Limistéar sin le linn trasloingsiú i gcalafort nó lasmuigh de Limistéar an Choinbhinsiúin, líonfaidh an máistir sin Dearbhú Trasloingsithe WCPFC isteach le haghaidh gach trasloingsiú gabhála arna tógáil i Limistéar an Choinbhinsiúin. Seolfar Dearbhú Trasloingsithe WCPFC chuig údarás inniúil Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais.
5. Déanfaidh Ballstáit bhrataí na sonraí sin a bhailíochtú i gcomhréir le hAirteagal 109 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus i gcás inar féidir, déanfar faisnéis, a gheofar ó shoithí de chuid an Aontais a bhfuil oibríochtaí trasloingsithe á ndéanamh acu, a cheartú agus gach faisnéis dá bhfuil ar fáil á húsáid amháin sonraí maidir le gabháil agus iarracht, sonraí maidir le suíomh, tuarascálacha ó bhreathnóirí agus sonraí faireacháin calafoirt.

*Airteagal 12***Trasloingsiú chuig soithí páirtithe neamhchonarthacha agus uathu**

1. Ní rachaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais i mbun oibríochtaí trasloingsithe chuig soitheach nó ó shoitheach a bhfuil bratach ar foluain aige a bhaineann le páirtí neamhchonarthach ach amháin i gcás ina mbeidh an soitheach sin údaraithe le cinneadh WCPFC, amhail:
  - (a) soitheach iompair de chuid páirtí neamhchonarthach atá ar an Taifead; nó
  - (b) soitheach iascaireachta de chuid páirtí neamhchonarthach atá ceadúnaithe chun iascaireacht a dhéanamh sa limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid páirtí conarthach i gcomhréir le cinneadh WCPFC.
2. Sa chás dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, seolfaidh máistir an tsoithigh iompair de chuid an Aontais nó Ballstát cairtfhostaithe an Dearbhú Trasloingsithe WCPFC chuig údarás inniúil an Bhallstáit brataí agus beidh feidhm ag Airteagal 11(5).

## CAIBIDIL III

**Speicis Mhuirí a Chosaint***Airteagal 13***Roic de chineál Mobulidae**

1. Beidh toirmeasc ar dhíriú ar roic de chineál Mobulidae (géineas Mobula) trí bhíthin iascaireachta nó turais d'aon ghnó.
2. Beidh toirmeasc freisin ar aon pháirt de chonabhlach agus ar chonabhlach iomlán roic de chineál Mobulidae a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír nó a thairiscint lena ndíol.
3. Áiríteoidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais go scaoilfear roic de chineál Mobulidae go pras, beo agus gan ghortú a mhéid is indéanta, agus déanfar amhlaidh ar bhealach a dhéanfaidh a laghad díobháil is féidir don speiceas a ghabhtar, agus sábháilteacht an chriú á cur san áireamh.
4. D'ainneoin mhír 3, maidir le roic de chineál Mobulidae a dhéantar a ghabháil go neamhintinneach agus a thabhairt i dtír mar chuid d'oibríocht soithigh peas-saighne, déanfaidh an soitheach an roic de chineál Mobulidae a thabhairt suas ina iomláine do na húdaráis fhreagracha ag pointe a thugtha i dtír nó a thrasloingsithe, nó é a aiscur i gcás inar féidir. Maidir le roic de chineál Mobulidae a thugtar suas ar an mbealach sin, ní fhéadfar iad a dhíol ná a mhalartú ach féadfar iad a bhronnadh lena chaitheamh ag an duine sa bhaile.
5. Déanfar na gabhálacha dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, a thuiriscí sa logleabhar i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Áireofar san fhaisnéis a bheidh le tuairiscíú an stádas saoil tráth a scaoilte (marbh nó beo).

*Airteagal 14***Beart ginearálta chun siorcanna a chosaint**

Ní úsáidfidh soithí spiléireachta an Aontais a dhíríonn ar thuinnín agus ar mhairlín fodhoruithe a bheidh ag rith díreach amach ó na snámháin spiléireachta nó ó dhoruithe doimhne, ar a dtugtar doruithe siorca mar a léirítear in Iarscríbhinn VI.

*Airteagal 15***Siorcanna Bána Aigéanacha**

1. Beidh toirmeasc ar aon siorc bán aigéanach (*Carcharhinus longimanus*) a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a stóráil ar bord soitheach iascaireachta, a thabhairt i dtír nó a thairiscint lena dhíol, go hiomlán nó i bpáirt.

2. Scaoilfear aon siorc bán aigéanach dá ngabhfáir a luaithe is féidir tar éis don siorc a thabhairt cois an tsoithigh sula scaoilfear é, chun sainaithint speicis a éascú, ar bhealach a ndéanfar a laghad díobháil is féidir don siorc.
3. Ceadófar do bhreathnóirí ROP samplaí bitheolaíochta a bhailiú ó shiorcanna bána aigéanacha a bheidh marbh tráth a thugtar ar bord iad, ar choinníoll go mbeidh na samplaí ina gcuid de thionscadal taighde arna fhormheas ag Coiste Eolaíochta WCPFC.
4. Déanfar gabhálacha siorcanna bána aigéanacha de thaisme a thuairisciú sa logleabhar i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Áireofar san fhaisnéis a bheidh le tuairisciú an stádas saoil tráth a scaoilte (marbh nó beo).

#### Airteagal 16

##### Míolsiorcanna

1. Beidh toirmeasc ar pheas-saighean a chur ar scoil tuinníní a bhfuil míolsiorc (*Rhincodon typus*), ina measc má fheictear an míolsiorc sula dtosaítear ar an líon a chur.
2. I gcás ina ndéanfar an míolsiorc a chiorclú leis an bpeas-saighean go neamhintinneach, déanfaidh an soitheach iascaireachta de chuid an Aontais mar a leanas:
  - (a) a áirithiú go ndéanfar gach beart réasúnach chun a áirithiú go scaoilfear go sábháilte é; agus
  - (b) an teagmhas a thuairisciú d'údarás ábhartha an Bhallstáit brataí, lena n-áirítear faisnéis faoi líon na siorcanna, sonraí maidir le conas a tharla an ciorclú agus cén fáth, cá háit ar tharla sé, na bearta a rinneadh chun a áirithiú gur scaoileadh go sábháilte é, agus measúnú i dtaca le stádas saoil an mhíolsiorca nuair a scaoileadh é (lena n-áirítear má scaoileadh an t-ainmhí beo ach go bhfuair sé bás ina dhiaidh sin).
3. Déanfar gabhálacha míolsiorcanna de thaisme a thuairisciú sa logleabhar i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Áireofar san fhaisnéis a bheidh le tuairisciú an stádas saoil tráth a scaoilte (marbh nó beo).

#### Airteagal 17

##### Síodsiorcanna

1. Tá toirmeasc ar aon síodsiorc (*Carcharhinus falciformis*) a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a stóráil ar bord soitheach iascaireachta, nó a thabhairt i dtír, go hiomlán nó i bpáirt.
2. Scaoilfear aon síodsiorc a ghabhfáir a luaithe is féidir tar éis don siorc a thabhairt cois an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais sula scaoiltear é, chun sainaithint speicis a éascú, ar bhealach a ndéanfar a laghad díobháil is féidir don siorc.
3. Déanfar gabhálacha síodsiorcanna de thaisme a thuairisciú sa logleabhar i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Áireofar san fhaisnéis atá le tuairisciú an stádas saoil tráth a scaoilte (marbh nó beo).
4. Déanfaidh na Ballstáit meastachán, trí shonraí a bhaileofar ó chlár bhreathnóirí agus trí bhealaí eile amhail logleabhair iascaireachta nó faireachán leictreonach, faoin líon síodsiorcanna arna ngabháil a scaoiltear, lena n-áirítear an stádas saoil tráth a scaoilte (marbh nó beo), agus tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis sin chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 38(3), pointe (d).
5. Ceadófar do Bhreathnóirí ROP samplaí bitheolaíochta a bhailiú ó shíodsiorcanna arna ngabháil a bheidh marbh tráth a thugtar ar bord iad, ar choinníoll go mbeidh an tsampláil ina cuid de thionscadal taighde arna fhormheas ag Coiste Eolaíochta WCPFC.

#### Airteagal 18

##### Céiticigh

1. Beidh toirmeasc ar pheas-saighean a chur ar scoil tuinníní a bhfuil céiticeach (infrea-ord *Cetacea*) ina measc, má fheictear an t-ainmhí sula dtosaítear ar líon a chur.

2. I gcás ina ndéanfar an céiticeach a chiorclú le peaslíon-saighne go neamhintinneach, déanfaidh soitheach iascaireachta de chuid an Aontais gach beart réasúnach chun a áirithiú go scaoilfear go sábháilte é. Áireofar leis sin an rollóir lín a stopadh agus gan tosú ar oibríochtaí iascaireachta an athuair go dtí go scaoilfear saor an t-ainmhí agus go dtí nach mbeidh sé i mbaol a aisghafa a thuilleadh.

3. Déanfar gabhálacha céiticeach de thaisme a thuairisciú sa logleabhar i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Áireofar san fhaisnéis a bheidh le tuairisciú an stádas saoil tráth a scaoilte (marbh nó beo).

#### Airteagal 19

##### Bearta maolaithe maidir le héanlaith mhara

1. Úsáidfidh soithí spiléireachta de chuid an Aontais a bheidh ag déanamh iascaireachta ó dheas ó 30°D:
  - (a) dhá cheann ar a laghad de na bearta maolaithe seo a leanas: fodhoruithe meáite, doruithe a chur le linn na hoíche, nó línte tori (línte scanraithe éan); nó
  - (b) gairis cosanta duán.
2. Úsáidfidh soithí spiléireachta de chuid an Aontais a bheidh ag déanamh iascaireachta idir na línte domhanleithid 25° D agus 30°D, ceann amháin de na bearta maolaithe seo a leanas: fodhoruithe meáite; línte scanraithe éan; nó gairis chosanta duán.
3. Maidir le soithí spiléireachta an Aontais a bheidh 24 mhéadar nó níos faide ar fad foriomlán agus ag déanamh iascaireachta ó thuaidh ó 23°T, úsáidfidh siad dhá cheann ar a laghad de bhearta maolaithe Thábla 1 d'Iarscríbhinn I, lena n-áirítear ceann amháin ar a laghad ó Cholún A den tábla sin.
4. Ní féidir línte scanraithe éan a úsáid ach amháin i gcomhréir leis na sonraíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I.
5. Déanfar na bearta dá dtagraítear san Airteagal seo a thuairisciú sa logleabhar i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Áireofar san fhaisnéis a bheidh le tuairisciú an stádas saoil tráth a scaoilte (marbh nó beo).

#### Airteagal 20

##### Turtair mhara

1. Tabharfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais aon turtar mara blaosc-chrua (fine *Cheloniidae*) a bheidh támhach nó neamhghníomhach ar bord a luaithe is féidir tar éis a ghafa, agus cothóidh siad a théarnamh, lena n-áirítear é a athbheochan, sula gcuirfear ar ais san uisce é. Áiritheoidh máistrí agus oibreoirí soithí iascaireachta de chuid an Aontais go mbeidh an criú ar an eolas faoi teicnící cearta maolaithe agus láimhseála agus go n-úsáidfidh sé na teicnící sin.
2. Déanfaidh soithí peas-saighne de chuid an Aontais:
  - (a) ciorclú turtar mara a sheachaint, agus má dhéantar turtar mara a chiorclú go neamhintinneach nó má théann turtair mhara i bhfostú i bpeas-saighean go neamhintinneach, déanfar bearta indéanta chun an turtar a scaoileadh go sábháilte;
  - (b) gach turtar mara dá bhfeictear a bheith dultha i bhfostú in FADanna nó i dtrealamh iascaireachta a scaoileadh;
  - (c) a áirithiú, má théann turtar mara i bhfostú sa líon, go stopfar an rollóir eangaí a luaithe a thiocfaidh an turtar as an uisce; an turtar a bhaint as fostú gan é a ghortú sula gcuirfear an rollóir lín ar siúl arís, agus a mhéid a bheidh indéanta, cúnamh a thabhairt do théarnamh an turtair sula gcuirfear ar ais san uisce é;
  - (d) líonta cochaill a iompar agus a chur in úsáid, i gcás inarb iomchuí, chun turtair mhara a láimhseáil.
3. Úsáidfidh soithí spiléireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht le duáin socraithe go héadomhain ceann amháin de na modhanna seo a leanas chun gabháil turtar mara a mhaolú:
  - (a) gan ach duáin mhóra chiorclacha a úsáid, ar duáin iascaireachta iad a bhfuil cruth ciorcail nó ubhchruthach orthu de ghnáth agus a cheaptar agus a mhonaraítear ó thús chun go mbeidh an pointe acu casta siar go hingearach in aghaidh na lorga. Beidh frithchúiteamh nach mó ná 10 gcéim ag na duáin sin;
  - (b) gan ach iasc eite amháin a úsáid mar bhaoite;

(c) aon bheart eile, aon phlean maolaithe eile nó aon ghníomhaíocht mhaolaithe eile a úsáid a mbeidh athbheithníú déanta ag Coiste Eolaíochta WCPFC agus ag Coiste Teicniúil agus Comhlíontachta WCPFC air nó uirthi agus a bheidh formheasta ag WCPFC mar bheith cumasach ar laghdú a dhéanamh ar an ráta idirghníomhaíochta (lín a fheictear in aghaidh na nduán lena ndéantar iascaireacht) le turtair in iascaigh spiléireachta ina ndéantar na duáin a chur go héadomhain.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 3 maidir le hiascaigh spiléireachta ina ndéantar na duáin a chur go héadomhain ina bhfuil na meánrátaí idirghníomhaíochta na dturtar mara breathnaithe níos ísle ná 0,019 turtar mara (gach speiceas le chéile) in aghaidh an 1 000 duán sna 3 bliana as a chéile roimhe sin agus arb é 10 % ar a laghad leibhéal clúdaigh na mbreathnóirí iontu le linn gach ceann de na 3 bliana sin.

#### *Airteagal 21*

### **Truailliú muirí**

Beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais aon phlaistigh, ola, táirgí breosla nó iarmhair olúla, bruscar, dramhaíl bia, dramhaíl tí, luaith loisceora agus séarachas a scaoileadh sa mhuir. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc sin maidir le trealamh iascaireachta nó feistí tacaíochta iascaireachta, amhail FADanna, a scaoiltear san uisce don iascaireacht.

#### *CAIBIDIL IV*

### **Ceanglais ar Shoithí agus Cairtghostú**

#### *Airteagal 22*

### **Taifead**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais liostaithe ar Thaifead na soithí iascaireachta i gcomhréir leis an Rialachán seo.
2. Measfar nach mbeidh aon soitheach iascaireachta de chuid an Aontais nach bhfuil liostaithe sa Taifead údaraithe chun stoic éisc mhórimirceacha a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a iompar nó a thabhairt i dtír i limistéar an Choinbhinsiúin.
3. Cuirfidh na Ballstáit aon fhaisnéis fhíorasach in iúl don Choimisiún lena léireofar go bhfuil forais réasúnacha ann chun bheith in amhras nach bhfuil soitheach liostaithe ar an Taifead nó go bhfuil nó go raibh soitheach i mbun iascach nó trasloingsiú stoc éisc mhór-imirceacha i Limistéar an Choinbhinsiúin.

#### *Airteagal 23*

### **Faisnéis ar shoitheach a thíolacadh**

1. Cuirfidh gach Ballstát brataí an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin go leictreonach maidir le gach soitheach iascaireachta de chuid an Aontais atá liostaithe sa Taifead:
  - (a) ainm an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais, uimhir chlárúcháin, WIN, ainmneacha roimhe sin (más eol) agus calafort clárúcháin;
  - (b) ainm agus seoladh an úinéara nó na n-úinéirí;
  - (c) ainm agus náisiúntacht an mháistir;
  - (d) an bhratach a bhí aige roimhe (más ann di);
  - (e) comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió;
  - (f) cineálacha agus uimhreacha cumarsáide an tsoithigh (Uimhreacha Inmarsat A, B agus C agus uimhir theileafóin satailíte);
  - (g) grianghraf daite den soitheach;
  - (h) cá háit ar tógadh an soitheach agus cathain a togadh é;
  - (i) cineál soithigh;

- (j) gnáthlíon criú;
- (k) cineál modha nó modhanna iascaireachta;
- (l) fad (sonraigh cén cineál agus cén méadrach atá á úsáid);
- (m) doimhneacht mhúnlaithe (sonraigh cén méadrach atá á úsáid);
- (n) bíoma (sonraigh cén méadrach atá á úsáid);
- (o) olltonnáiste cláraithe (GRT) nó olltonnáiste (GT);
- (p) cumhacht an phríomhinnill nó na bpríomhinneall (sonraigh cén méadrach atá á úsáid);
- (q) acmhainn iompair, lena n-áirítear an cineál reoiteora, toilleadh an reoiteora agus an líon reoiteoirí, toilleadh an bhoilg le haghaidh iasc agus toilleadh na gcuasán reoiteora (sonraigh cén méadrach atá á úsáid);
- (r) foirm agus uimhir an údaraithe a dheonaigh an Ballstát brataí lena n-áirítear aon limistéar sonracha, aon speiceas sonracha agus na tréimhsí sonracha dá bhfuil an t-údarú bailí; agus
- (s) Uimhir na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta nó uimhir Chlár Lloyd.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon athrú ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, agus faoi aon soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a bheidh le cur leis an Taifead nó le scriosadh as laistigh de 12 lá ó aon athrú a bheith déanta agus in aon chás tráth nach déanaí ná 7 lá roimh thosú gníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin ag an soitheach lena mbaineann.

3. Maidir le faisnéis a iarrfaidh an Coimisiún maidir le soithí iascaireachta atá liostaithe i dTaifead na soithí iascaireachta de chuid an Aontais, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis sin faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis an iarraidh sin a fháil.

4. Roimh 1 Meitheamh gach bliain, cuirfidh gach Ballstát liosta faoi bhráid an Choimisiúin de gach soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a bhí liostaithe sa Taifead tráth ar bith le linn na bliana féilire roimhe, in éineacht le WIN gach soithigh agus tasc maidir le cibé acu a raibh nó nach raibh gach soitheach ag iascach stoc éisc mhór-imirceach i Limistéar an Choinbhinsiúin ar shiúl ón dlínse dá chuid. Sloinnfear an tasc mar a leanas, de réir mar is iomchuí, an raibh an soitheach (c) ag iascach, nó (b) nach raibh.

5. Maidir leis na Ballstáit a oibríonn soithí ar léas, ar cairtfhostú nó a bhfuil socruithe comhchosúla acu a fhágann go dtugtar oibleagáidí tuairiscithe sonraí do pháirtí eile seachas don Stát brataí, déanfaidh na Ballstáit sin socruithe chun a áirithiú gur féidir leis an Stát brataí a oibleagáidí faoi mhír 4 a chomhlíonadh.

6. Cuirfidh na Ballstáit sonraí iomlána thaifead an tsoithigh iascaireachta faoi bhráid an Choimisiúin a chomhlíonfaidh na sonraíochtaí maidir le struchtúr agus formáid a bhaineann le Ceangaltán 1 a ghabhann le CMM 2014-03, agus cuirfidh grianghraif an tsoithigh faoina bhráid a chomhlíonfaidh sonraíochtaí Cheangaltán 2 a ghabhann le CMM 2014-03.

7. Déanfar sonraí thaifead an tsoithigh a chuir faoi bhráid an Choimisiúin i bhfoirm leictreonach a chomhlíonfaidh na sonraíochtaí maidir le formáidíú a bhaineann le Ceangaltán 3 a ghabhann le CMM 2014-03.

#### Airteagal 24

#### Buncaireacht

Áiritheoidh na Ballstáit nach soláthróidh soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu buncaireacht ach amháin le haghaidh na soithí seo a leanas, agus nach ndéanfaidh ach na soithí seo a leanas buncaireacht dóibh agus nach dtacóidh ach na soithí seo a leanas ar bhealaí eile leo:

- (a) soithí iascaireachta a bhfuil bratach ar foluain acu a bhaineann le páirtithe conarthacha;
- (b) soithí iascaireachta a bhfuil bratach ar foluain acu a bhaineann le páirtithe neamh-chonarthacha má bhíonn soithí den sórt sin liostaithe sa Taifead; nó
- (c) soithí iascaireachta arna n-oibriú ag páirtithe neamhchonarthacha faoi shocruithe maidir le cairtfhostú, maidir le léas nó faoi shocruithe comhchosúla agus a chomhlíonfaidh CMManna.

*Airteagal 25***Marcáil agus sainaitheint soithí iascaireachta**

1. Déanfar soithí iascaireachta de chuid an Aontais a oibríonn i Limistéar an Choinbhinsiúin a mharcáil lena sainaitheint de réir an Ghlaio-Chomhartha Raidió de chuid an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (IRCS).
2. Comhlíonfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais na sonraíochtaí marcála agus teicniúla eile dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 26***Córas um Fhaireachán Soithí (VMS)**

Úsáidfidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais a oibríonn i Limistéar an Choinbhinsiúin dhá chóras faireacháin:

- (a) VMS arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus aon ghníomh arna ghlacadh dá bhun; agus
- (b) an VMS a fhaigheann sonraí go díreach ó shoithí iascaireachta de chuid an Aontais a oibríonn ar an mórmhuir i Limistéar an Choinbhinsiúin, a bhíonn á riar ag WCPFC nó a thuairiscíonn chuig Gníomhaireacht Iascaigh Fhóram Oileáin an Aigéin Chiúin, agus chun na críoch sin a dhéanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:
  - (i) a áirithiú go gcomhlíonfaidh a gcuid soithí iascaireachta ar an mórmhuir i Limistéar an Choinbhinsiúin na ceanglais maidir le VMS arna mbunú ag WCPFC agus go mbeidh trealamh gairis rianaithe satailíte acu a chuirfidh na sonraí a chinnfidh WCPFC in iúl;
  - (ii) a áirithiú go gcomhlíonfaidh trealamh VMS ar a gcuid soithí iascaireachta caighdeán, sonraíochtaí agus nósanna imeachta le haghaidh an fhaireacháin soithí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin mar a fhoráiltear in Iarscríbhinn III;
  - (iii) comhoibriú chun comhoiriúnacht idir VMS náisiúnta agus VMS na mórmhara a áirithiú;
  - (iv) a áirithiú go mbeidh an gaireas rianaithe satailíte arna shuiteáil ar bord a gcuid soithí iascaireachta i gcomhréir leis na híoschaighdeán a leagtar amach in Iarscríbhinn III;
  - (v) a áirithiú gurb é ceathair uair an chloig an ráta réamhshocraithe maidir le suíomh a thuairisciú agus iad i Limistéar an Choinbhinsiúin (sé thuairisc faoi shuíomh in aghaidh an lae);
  - (vi) a áirithiú go dtuairisceoidh soithí a imíonn as Limistéar an Choinbhinsiúin a suíomh uair amháin in aghaidh an lae.

*Airteagal 27***Scéim Fógra maidir le Cairtffhostú**

1. Laistigh de fiche lá, nó in aon chás laistigh de 96 uair an chloig sular dtosófar ar ghníomhaíochtaí iascaireachta faoi shocrú maidir le cairtffhostú, tabharfaidh an Ballstát atá i mbun cairtffhostú fógra don Choimisiún faoi aon soitheach a bheidh le sainaitheint mar shoitheach cairtffhostaithe tríd an bhfaisnéis seo a leanas a chur faoina bhráid maidir le gach soitheach cairtffhostaithe:
  - (a) ainm an tsoithigh iascaireachta;
  - (b) WIN;
  - (c) ainm agus seoladh an úinéara nó na n-úinéirí;
  - (d) ainm agus seoladh an chairtffhostóra;
  - (e) an t-achar a mhair an socrú maidir le cairtffhostú; agus
  - (f) Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta.
2. Ar dó an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a fháil, tabharfaidh an Coimisiún fógra láithreach do Rúnaíocht WCPFC ina leith.

3. Tabharfaidh gach Ballstát atá i mbun cairtfhostú, laistigh de fiche lá, nó in aon teagmhas laistigh de 96 uair an chloig sular dtosófar ar ghníomhaíochtaí iascaireachta faoi shocrú maidir le cairtfhostú, fógra don Choimisiún agus don Stát brataí faoi:
  - (a) aon soitheach cairtfhostaithe breise, mar aon leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1;
  - (b) aon athrú ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 maidir le haon soitheach cairtfhostaithe; agus
  - (c) foirceannadh chairtfhostú aon soithigh ar tugadh fógra faoi roimhe faoi mhír 1.
4. Ní bheidh ach soithí atá liostaithe sa Taifead incháilithe do chairtfhostú.
5. Ní bheidh soithí atá ar liosta (maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhrialáilte agus neamhthuiriscithe) na soithí de chuid WCPFC ná ar Liosta IUU de chuid Eagraíocht Réigiúnach Bainistithe Iascaigh eile incháilithe do chairtfhostú.
6. Déanfar gabhála agus iarracht iascaireachta soithí a dtugtar fógra fúthu mar shoithí cairtfhostaithe a shannadh do na Ballstáit atá i mbun cairtfhostú nó don pháirtí conarthach. Tuairisceoidh an Ballstát atá i mbun cairtfhostú gabháil agus iarracht iascaireachta na soithí cairtfhostaithe sa bhliain roimhe chuig an gCoimisiún go bliantúil.
7. Ní bheidh feidhm ag mír 6 maidir le hiascach peas-saighne tuinníní teochreasacha dá sannfar gabháil agus iarracht iascaireachta don Bhallstát brataí.

#### CAIBIDIL V

### **Clár Breathnóirí Réigiúnacha**

#### *Airteagal 28*

#### **ROP**

1. Is é cuspóir ROP sonraí gabhála fíoraithe, sonraí eolaíochta eile, agus faisnéis bhreise a bhaineann leis an iascach a bhailiú i Limistéar an Choinbhinsiúin agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme CMManna.
2. Beidh feidhm ag ROP maidir le soithí iascaireachta a bhíonn ag iascach:
  - (a) go heisiach ar an mórmhuir;
  - (b) ar an mórmhuir agus in uisce atá faoi dhlínse Stáit chósta amháin nó níos mó; agus
  - (c) sna huiscí faoi dhlínse dhá Stát cósta nó níos mó.
3. Beidh na Ballstáit freagrach as leibhéal cumhdaigh na mbreathnóirí mar a shocraíonn WCPFC a chomhlíonadh.
4. Sroichfidh na Ballstáit cumhdach 100 % maidir le breathnóirí go bliantúil ó bhreathnóirí ROP le haghaidh an iascaigh pheas-saighne sa limistéar arb iad 20°T agus 20°D a theorainneacha, agus cumhdach 5 % ar a laghad go bliantúil ó bhreathnóirí ROP le haghaidh iascaigh eile.
5. Áireofar le dualgais na mbreathnóirí a oibreoidh faoin ROP sonraí gabhála agus sonraí eolaíochta eile a bhailiú, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme CMManna agus aon fhaisnéis bhreise a bhailiú a bhaineann leis an iascach a fhéadfaidh WCPFC a chinneadh.
6. Leanfaidh breathnóirí ROP de bheith airdeallach agus baileoidh siad faisnéis maidir le cleachtais a d'fhéadfadh a bheith díobhálach don chomhshaol, i gcomhréir le CMM is infheidhme.
7. Glacfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhíonn ag iascach i Limistéar an Choinbhinsiúin le breathnóir ROP ar bord.
8. Bainfidh na Ballstáit úsáid as an bhfaisnéis a bhaileoidh breathnóirí chun aon chás féideartha neamhchomhlíontachta a imscrúdú agus comhoibreoidh siad maidir le faisnéis den sórt sin a mhalartú, lena n-áirítear trí chóipeanna de thuarascálacha breathnóirí a iarraidh go réamhghníomhach agus trí fhreagairt do na hiarrataí sin agus trína gcomhlíonadh a éascú, i gcomhréir le caighdeáin a ghlac WCPFC.

9. Áireofar i gcearta na mbreathnóirí an méid seo a leanas:
- (a) rochtain iomlán ar gach saoráid agus ar threalamh uile an tsoithigh agus úsáid iomlán as na saoráidí agus as an trealamh sin, a fhéadfaidh an breathnóir a chinneadh gur gá chun a dhualgais nó a dualgais a dhéanamh, lena n-áirítear rochtain iomlán ar an droichead, ar na héisc ar bord agus ar limistéir a fhéadfar a úsáid chun éisc a choinneáil, a phróiseáil, a ualú, nó a stóráil;
  - (b) rochtain iomlán ar thaifid an tsoithigh, lena n-áirítear a logaí agus a doiciméadacht chun taifid a iniúchadh agus a chóipeáil, rochtain réasúnach ar threalamh loingseoireachta, ar chairteacha loingseoireachta agus ar raidiúnna agus ar fhaisnéis eile a bhaineann leis an iascach;
  - (c) arna n-iarraidh sin, rochtain ar threalamh cumarsáide agus úsáid an trealamh sin, agus rochtain ar an gcriú agus úsáid an chriú chun sonraí nó faisnéis a bhaineann le hobair a iontráil, a tharchur, agus a fháil;
  - (d) rochtain ar aon trealamh breise a bheidh ar bord, chun éascú le hobair an bhreathnóra le linn a bheith ar bord an tsoithigh, amhail déshúiligh ardchumhachta, modhanna leictreonacha cumarsáide, etc.;
  - (e) rochtain ar an deic iascaireachta le linn líonta nó línte a bheith á n-aisghabháil agus ar eiseamail (beo nó marbh) chun samplaí a bhailiú agus a bhaint;
  - (f) fógra 15 nóiméad ar a laghad roimh nósanna imeachta tarlaithé nó curtha lín a thosú, ach amháin i gcás ina n-iarraifadh an breathnóir go sonrach gan fógra a thabhairt dó nó di;
  - (g) rochtain ar bhia, ar chóiríocht, ar shaoráidí leighis agus ar shaoráidí sláintíochta ar chaighdeán réasúnach a bheidh coibhéseach leo siúd a bhíonn ar fáil d'oifigeach ar bord an tsoithigh de ghnáth;
  - (h) soláthar spáis leordhóthanaigh ar an droichead nó i limistéar ainmnithe eile le haghaidh obair chléireachais agus spás leordhóthanach ar an deic le haghaidh dhualgais an bhreathnóra;
  - (i) saoirse a ndualgais a dhéanamh gan ionsaí, bac, frithsheasamh, moill, imeaglú, nó cur isteach a bheith déanta orthu i bhfeidhmiú a ndualgais.
10. Is iad seo a leanas oibleagáidí na mbreathnóirí:
- (a) a bheith in ann na dualgais a leagtar amach leis an Rialachán seo agus le CMManna is infheidhme a chur i gcrích;
  - (b) rialacha agus nósanna imeachta comhaontaithe maidir le rúndacht a ghlacadh agus a chomhlíonadh maidir le hoibríochtaí iascaireachta soithí agus úinéirí soithí;
  - (c) neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a choinneáil ar bun i gcónaí agus iad ar dualgas faoi ROP;
  - (d) prótacail ROP le haghaidh breathnóirí ROP a chomhlíonadh ar bord soithigh;
  - (e) comhlíontacht le dlíthe agus rialacháin an pháirtí chonarthaigh agus an pháirtí neamhchonarthaigh chomhair, mar a shainítear leis an gCoinbhinsiún, a fheidhmíonn dlínse ar an soitheach;
  - (f) an t-ordlathas agus na rialacha iompraíochta ginearálta is infheidhme maidir le criú uile an tsoithigh a urramú;
  - (g) dualgais a fheidhmiú ar bhealach nach gcuirfidh isteach go míchuí ar oibríochtaí dleathacha an tsoithigh, ag féachaint go hiomchuí do cheanglais oibríochta an tsoithigh agus ag déanamh cumarsáide go tráthrialta le máistir an tsoithigh chun na críche sin;
  - (h) a bheith eolach ar na nósanna imeachta éigeandála atá i bhfeidhm ar bord an tsoithigh, lena n-áirítear suíomhanna na raftaí tarrthála, na múchtóirí dóiteáin agus na bhfearas garchabhrach;
  - (i) cumarsáid a dhéanamh go tráthrialta le máistir an tsoithigh maidir le saincheisteanna ábhartha agus dualgais ábhartha an bhreathnóra;
  - (j) aird a thabhairt ar thraidisiúin eitneacha an chriú agus ar chustaim Stát brataí an tsoithigh;
  - (k) cloí leis an gcód iompair is infheidhme le haghaidh breathnóirí;
  - (l) tuarascálacha a scríobh go pras agus iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le nósanna imeachta a ghlac WCPFC;
  - (m) gan cur isteach go míchuí ar oibríochtaí dleathacha an tsoithigh, agus aird iomchuí a thabhairt ar cheanglais oibríochta an tsoithigh nuair a bhíonn a ndualgais á ndéanamh acu, agus, a mhéid a bheidh indéanta, cur isteach ar oibriú na soithí a bheidh ag iascach i Limistéar an Choimhinsiúin a íoslaghdú;

#### Airteagal 29

#### Ceartha agus oibleagáidí oibreoirí, máistrí agus criúnna soithí

1. Áireofar an méid seo a leanas ar chearta oibreoirí agus máistrí soithí:
- (a) tréimhse réasúnach réamhfhógra a fháil maidir le breathnóir ROP a chur ar an soitheach;

- (b) na rialacha ginearálta iompraíochta, an t-ordlathas, na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme a bheith á gcomhlíonadh ag an mbreathnóir sin; agus
- (c) an deis a fháil athbheithníú a dhéanamh agus barúil a thabhairt ar thuarascáil bhreathnóir ROP, agus an ceart faisnéis bhreise a mheastar a bheith ábhartha nó ráiteas pearsanta a chur san áireamh.

2. Comhlíonfaidh na hoibreoirí soithí iascaireachta, lena n-áirítear máistrí soithí iascaireachta, na hoibleagáidí seo a leanas:

- (a) aon duine a shaináithnítear mar bhreathnóir ROP a ghlacadh ar bord an tsoithigh nuair a éilíonn WCPFC amhlaidh;
- (b) an t-am a bheidh breathnóir ROP ag bordáil a chur in iúl don chriú mar aon lena gcearta agus a bhfreagrachtaí nuair a thagann breathnóir ROP ar bord an tsoithigh;
- (c) cúnamh a thabhairt do bhreathnóir ROP an soitheach a bhordáil agus a dhíbhordáil go sábháilte ag áit chomhaontaithe agus ag am comhaontaithe;
- (d) fógra a thabhairt do bhreathnóir ROP 15 nóiméad ar a laghad sula dtosófar ar líon a chur nó a thabhairt ar bord, ach amháin i gcás ina n-iarrfaidh an breathnóir go sonrath gan fógra a thabhairt dó nó di;
- (e) a cheadú do bhreathnóir ROP agus cúnamh a thabhairt dó nó di gach dualgas a dhéanamh go sábháilte;
- (f) rochtain iomlán a cheadú do bhreathnóir ROP ar thaifid an tsoithigh, lena n-áirítear logaí agus doiciméadacht an tsoithigh chun taifid a iniúchadh agus a chóipeáil;
- (g) rochtain réasúnach a cheadú do bhreathnóir ROP ar threalamh loingseoireachta, ar chairteacha loingseoireachta agus ar raidiúnna, agus ar fhaisnéis eile a bhaineann leis an iascaireacht;
- (h) rochtain a cheadú ar aon threalamh breise a bheidh ar bord chun éascú le hobair an bhreathnóra ROP le linn a bheith ar bord an tsoithigh, amhail déshúiligh ardchumhachta, modhanna leictreonacha cumarsáide, etc.;
- (i) ceadú do bhreathnóir ROP agus cúnamh a thabhairt dó nó di samplaí ón ngabháil a bhaint agus a stóráil;
- (j) bia, cóiríocht agus áiseanna sláintíochta leordhóthanacha a sholáthar do bhreathnóir ROP le linn a bheith ar bord an tsoithigh, gan aon chostas ar an mbreathnóir ná ar sholáthraí an bhreathnóra ROP ná ar aon rialtas a sholáthraíonn breathnóirí, mar aon le saoráidí leighis ar chaighdeán réasúnach a sholáthar a bheidh comhionann leo siúd a bhíonn ar fáil d'oifigeach ar bord an tsoithigh de ghnáth;
- (k) cumhdach árachais a sholáthar do bhreathnóir ROP le linn a bheith ar bord an tsoithigh, ar feadh na tréimhse a bheidh an breathnóir ar bord;
- (l) rochtain iomlán a cheadú do bhreathnóirí ROP ar gach saoráid agus ar threalamh uile an tsoithigh, agus cúnamh a thabhairt dóibh leis an rochtain sin, agus úsáid iomlán a cheadú do bhreathnóir ROP as na saoráidí agus as an threalamh uile sin agus cúnamh a thabhairt dóibh leis an úsáid sin, a fhéadfaidh an breathnóir a chinneadh gur gá chun a dhualgais nó a dualgais a dhéanamh, lena n-áirítear rochtain iomlán ar an droichead, ar éisc ar bord, agus ar limistéir a fhéadfar a úsáid chun éisc a choinneáil, a phróiseáil, a ualú, nó a stóráil;
- (m) a áirithiú nach ndéanfar ionsaí ar bhreathnóir ROP ná nach gcuirfear bac ná moill air nó uirthi, nach gcuirfear ina choinne nó ina coinne, ná nach ndéanfar imeaglú air nó uirthi, nach gcuirfear isteach air nó uirthi, nach rachfar i bhfeidhm air nó uirthi ná nach dtabharfar breab dó nó di ná nach ndéanfar iarracht breab a thabhairt dó nó di i bhfeidhmiú a dhualgas nó a dualgas;
- (n) a áirithiú nach gcuirfear an breathnóir ROP faoi iallach ná nach gcuirfear ina luí air nó uirthi a fhreagrachtaí nó a freagrachtaí a sháru.

3. Áireofar an méid seo a leanas ar chearta chriú an tsoithigh iascaireachta:

- (a) na rialacha ginearálta iompraíochta, an t-ordlathas, na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme a bheith á gcomhlíonadh ag breathnóir ROP;
- (b) tréimhse réasúnach réamhfhógra a fháil maidir le breathnóir ROP a chur ar an soitheach, tréimhse a thabharfaidh máistir an tsoithigh; agus
- (c) príobháideacht i limistéir phearsanta an chriú.

4. Comhlíonfaidh criú an tsoithigh iascaireachta na hoibleagáidí seo a leanas:

- (a) staonadh ó bhac agus ó mhoill a chur ar dhualgais an bhreathnóra agus ó bheith ag cur bhreathnóir ROP faoi iallach agus ó bheith ag cur ina luí air nó uirthi a dhualgais nó a dualgais a sháru;
- (b) an Rialachán seo a chomhlíonadh, mar aon le rialacháin agus nósanna imeachta arna mbunú faoin gCoinbhinsiún agus treoirilínte, rialacháin, nó coinníollacha arna mbunú ag an mBallstát a fheidhmíonn dlínse i dtaca leis an soitheach;

- (c) rochtain iomlán ar gach saoráid agus ar threalamh uile an tsoithigh a cheadú agus cúnamh a thabhairt ina leith dó nó di le húsáid iomlán a bhaint as na saoráidí agus an trealamh sin, a fhéadfaidh an breathnóir a chinneadh gur gá chun a dhualgais nó a dualgais a dhéanamh, lena n-áirítear rochtain iomlán ar an droichead, ar éisc ar bord, agus ar limistéir a fhéadfar a úsáid chun éisc a choinneáil, a phróiseáil, a ualú nó a stóráil;
- (d) ceadú do bhreathnóir ROP agus cúnamh a thabhairt dó nó di gach dualgas a dhéanamh go sábháilte;
- (e) ceadú do bhreathnóir ROP agus cúnamh a thabhairt dó nó di samplaí ón ngabháil a bhaint agus a stóráil;
- (f) treoracha, a thabharfaidh máistir an tsoithigh iascaireachta maidir le dualgais bhreathnóir ROP, a chomhlíonadh.

### Airteagal 30

#### Sábháilteacht na mbreathnóirí

1. I gcás ina mbeidh breathnóir ROP ar iarraidh nó go dtiomhdeofar é nó í bheith tite thar bord, déanfaidh máistir soithigh iascaireachta:

- (a) deireadh a chur láithreach le gach oibríocht iascaireachta;
- (b) tús a chur láithreach le hoibríocht chuardaigh agus tarrthála agus an cuardach a dhéanamh ar feadh ar a laghad 72 uair an chloig, ach amháin i gcás ina gcuirfidh *force majeure* oibleagáid ar na Ballstáit brataí a cheadú do na soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu scor d'oibríochtaí chuardaigh agus tarrthála sula mbeidh an 72 uair an chloig caite, nó, mura dtreoróidh an Ballstát brataí leanúint den cuardach ar feadh tréimhse is faide ná teorainn ama an 72 uair an chloig;
- (c) fógra a thabhairt don Bhallstát brataí láithreach faoi;
- (d) foláireamh a thabhairt do shoithí eile ar na cóngair láithreach trí leas a bhaint as na modhanna cumarsáide uile atá le fáil;
- (e) comhoibriú go hiomlán le haon oibríocht chuardaigh agus tarrthála;
- (f) cibé acu a d'éirigh nó nár éirigh leis an gcuardach, an soitheach a thabhairt chuig an gcalafort is cóngaraí le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe, mar a chomhaontaigh an Ballstát brataí agus soláthraí an bhreathnóra;
- (g) tuarascáil ar an teagmhas a sholáthar do sholáthraí an bhreathnóra agus do na húdaráis iomchuí faoin teagmhas; agus
- (h) comhoibriú go hiomlán le gach imscrúdú oifigiúil ar an teagmhas, agus aon fhianaise fhéideartha agus maoin phearsanta agus ceathrúna de chuid an bhreathnóra atá éagtha nó ar iarraidh a chaomhnú.

2. Beidh feidhm ag mír 1, pointí (a), (c) agus (h) freisin i gcás ina bhfaighidh breathnóir ROP bás. Ina theannta sin, áiríteoidh máistir an tsoithigh iascaireachta go gcoinneofar an corp dea-chaomhnaithe chun críocha scrúdú iarbháis agus imscrúdaithe.

3. I gcás ina mbeidh tinneas nó gortú tromchúiseach ar bhreathnóir ROP atá ina bhagairt dá shláinte nó dá shábháilteacht, déanfaidh máistir an tsoithigh iascaireachta:

- (a) deireadh a chur le hoibríochtaí iascaireachta láithreach;
- (b) fógra a thabhairt don Bhallstát brataí láithreach faoi;
- (c) cúram don bhreathnóir agus aon chóir leighis atá le fáil agus indéanta ar bord an tsoithigh a sholáthar;
- (d) cúnamh a thabhairt le díbhoráil agus le hiompar an bhreathnóra chuig saoráid leighis atá feistithe chun an cúram is gá a sholáthar, a luaithe agus is indéanta i gcomhréir le treoracha an Bhallstáit brataí nó, in éagmais na dtreoracha sin, i gcomhréir leis na treoracha arna soláthar ag soláthraí bhreathnóir ROP; agus
- (e) comhoibriú go hiomlán le gach imscrúdú oifigiúil ar chúis an tinnis nó an ghortaithe.

4. Chun críocha mhíreanna 1 go 3, áiríteoidh an Ballstát brataí go dtabharfar fógra láithreach don lárionad comhordúcháin tarrthála muirí iomchuí, do sholáthraí bhreathnóir ROP, agus do Rúnaíocht WCPFC.

5. I gcás ina mbeidh forais réasúnacha ann lena chreidiúint gur ionsaíodh, gur imeaglaíodh, gur bagraíodh, nó gur ciapadh breathnóir ROP sa chaoi go bhfuil sláinte nó sábháilteacht an bhreathnóra sin ROP i mbaol agus go dtabharfaidh breathnóir ROP nó soláthraí bhreathnóir ROP le fios don Bhallstát brataí gur mian leis an breathnóir a bhaint ón soitheach iascaireachta, áiríteoidh an Ballstát brataí go ndéanfaidh máistir an tsoithigh iascaireachta an méid seo a leanas:

- (a) gníomhú láithreach chun sábháilteacht bhreathnóir ROP a chaomhnú agus an cás ar bord a mhaolú agus a réiteach;
- (b) fógra a thabhairt don Bhallstát brataí agus do sholáthraí bhreathnóir ROP, lena n-áirítear stádas agus suíomh an bhreathnóra, a luaithe is féidir;
- (c) cúnamh a thabhairt don bhreathnóir a dhíbhordáil go sábháilte ar bhealach agus in áit mar a chomhaontaigh an Ballstát brataí agus soláthraí bhreathnóir ROP, lena n-éascaítear rochtain ar aon chóir leighis atá ag teastáil; agus
- (d) comhoibriú go hiomlán le gach imscrúdú ar an teagmhas.

6. I gcás ina mbeidh forais réasúnacha ann lena chreidiúint gur ionsaíodh, gur imeaglaíodh, gur bagraíodh, nó gur ciapadh breathnóir ROP ach nach mian leis an mbreathnóir ná le soláthraí an bhreathnóra an breathnóir a bhaint ón soitheach iascaireachta, áiritheoidh an Ballstát brataí go ndéanfaidh máistir soithigh iascaireachta an méid seo a leanas:

- (a) gníomhú chun sábháilteacht bhreathnóir ROP a chaomhnú agus an cás ar bord a mhaolú agus a réiteach a luaithe is féidir;
- (b) fógra a thabhairt don Bhallstát brataí agus do sholáthraí bhreathnóir ROP a luaithe is féidir; agus
- (c) comhoibriú go hiomlán le gach imscrúdú oifigiúil ar an teagmhas.

7. I gcás ina ndéanfaidh soláthraí bhreathnóir ROP, tar éis do bhreathnóir ROP díbhordáil ó shoitheach iascaireachta ag calafort, sárú féideartha a shainaithint a bhfuil ionsaí nó ciapadh bhreathnóir ROP i gceist leis le linn a bheith ar bord an tsoithigh iascaireachta, tabharfaidh soláthraí bhreathnóir ROP fógra, i scríbhinn, don Bhallstát brataí agus do Rúnaíocht WCPFC. Cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún, nó comhlacht arna ainmniú aige, ar an eolas faoin bhfógra arna fháil.

8. Tar éis an fhógra dá dtagraítear i mír 7, déanfaidh an Ballstát brataí:

- (a) imscrúdú ar an eachtra bunaithe ar an bhfaisnéis a thabharfaidh soláthraí bhreathnóir ROP agus aon ghníomhaíocht iomchuí mar fhreagairt ar thorthaí an imscrúdaithe;
- (b) comhoibriú go hiomlán le haon imscrúdú a dhéanfaidh soláthraí bhreathnóir ROP, lena n-áirítear an tuarascáil faoin teagmhas a chur faoi bhráid sholáthraí bhreathnóir ROP agus na n-údarás iomchuí; agus
- (c) fógra a thabhairt do sholáthraí an bhreathnóra agus do Rúnaíocht WCPFC, agus an Coimisiún, nó comhlacht arna ainmniú aige, i gcóip, faoi thorthaí a imscrúdaithe agus aon ghníomhaíocht a rinneadh.

9. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a soláthraithe náisiúnta breathnóirí an méid seo a leanas:

- (a) fógra a thabhairt láithreach don Bhallstát i gcás ina bhfaighidh breathnóir ROP bás, ina mbeidh sé nó sí ar iarraidh nó ina dtoimhdeofar é nó í bheith tite thar bord le linn cúraimí breathnóra;
- (b) comhoibriú go hiomlán le haon oibríocht chuardaigh agus tarrthála;
- (c) comhoibriú go hiomlán le gach imscrúdú oifigiúil ar aon teagmhas a bhaineann le breathnóir ROP;
- (d) cúnamh a thabhairt do bhreathnóir a dhíbhordáil agus breathnóir ROP a chur ina ionad i gcás ina mbeidh tinneas nó gortú tromchúiseach ar an mbreathnóir sin a luaithe is féidir;
- (e) cúnamh a thabhairt do bhreathnóir ROP a dhíbhordáil in aon chás a bhaineann le bagairtí, ionsaí, imeaglú nó ciapadh ar an mbreathnóir sin sa mhéid is gur mian leis an mbreathnóir go mbainfear é nó í ón soitheach a luaithe is féidir; agus
- (f) cóip de thuarascáil an bhreathnóra ROP faoi sháruithe líomhnaithe a bhaineann leis an mbreathnóir ROP atá ag an soláthraí sin a sholáthar don Bhallstát arna hiarraidh sin.

10. Áiritheoidh na Ballstáit bhrrataí go gcomhoibreoidh a soithí cigireachta údairithe in aon oibríocht chuardaigh agus tarrthála a bhaineann le breathnóir ROP.

## CAIBIDIL VI

**Bordáil agus Cigireacht**

## Airteagal 31

**Dualgais máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais le linn cigireachta**

1. Gan dochar d'aon oibleagáid atá ar mháistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais le linn cigireachta dá bhforáiltear in aon ghníomh arna ghlacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, le linn bordáil agus cigireacht a bheith á ndéanamh, déanfaidh máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais an méid seo a leanas:

- (a) prionsabail maidir le dea-mhairnéalacht a nglactar leo go hidirnáisiúnta a leanúint chun baol do shábháilteacht soithí cigireachta údaraithe agus do shábháilteacht cigirí údaraithe a sheachaint;
- (b) glacadh le bordáil phras shábháilte cigirí údaraithe agus í sin a éascú;
- (c) comhoibriú le cigireacht an tsoithigh agus cúnaimh a thabhairt maidir leis an gcigireacht ar an soitheach de bhun nósanna imeachta bordála agus cigireachta WCPFC;
- (d) staonadh ó bhac míchuí nó ó mhoill mhíchuí a chur ar na cigirí údaraithe i bhfeidhmiú a ndualgas;
- (e) ceadú do na cigirí údaraithe cumarsáid a dhéanamh le criú an tsoithigh cigireachta, le húdaráis an tsoithigh cigireachta, mar aon le húdaráis an tsoithigh iascaireachta atá faoi chigireacht;
- (f) saoráidí réasúnacha a sholáthar do na cigirí údaraithe, atá coibhéiseach leo sin atá ar fáil de ghnáth d'oifigeach ar bord an tsoithigh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, bia agus cóiríocht; agus
- (g) díbhordáil shábháilte na gcigirí údaraithe a éascú.

2. Má dhiúltaíonn máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais do chigire údaraithe gníomhaíocht bhordála agus chigireachta a dhéanamh i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach sa Rialachán seo, míneoidh an máistir sin an chúis le diúltú den sórt sin. Tabharfaidh údaráis an tsoithigh imscrúdaithe fógra láithreach d'údaráis Bhallstáit brataí an tsoithigh iascaireachta, mar aon leis an gCoimisiún, nó comhlacht arna ainmniú aige, faoi dhiúltú an mháistir agus faoi aon mhíniú arna sholáthar. Cuirfidh an Coimisiún Rúnaíocht WCPFC ar an eolas faoin bhfógra sin láithreach.

3. Nuair a bheidh fógra faoi dhiúltú tugtha dóibh de bhun mhír 2, ordóidh údaráis Bhallstát brataí soithigh iascaireachta don mháistir glacadh le bordáil agus le cigireacht ach amháin i gcás ina bhfágann rialacháin idirnáisiúnta, nósanna imeachta idirnáisiúnta agus cleachtais idirnáisiúnta a nglactar leo go forleathan a bhaineann leis an tsábháilteacht ar muir, gur gá moill a chur ar an mbordáil agus ar an gcigireacht.

4. Mura gcomhlíonfaidh an máistir treoir arna thabhairt de bhun mhír 3, cuirfidh an Ballstát brataí údarú an tsoithigh chun iascaireacht a dhéanamh ar fionraí agus ordóidh sé don soitheach filleadh ar an gcalafort láithreach. Tabharfaidh an Ballstát brataí fógra d'údaráis an tsoithigh cigireachta agus don Choimisiún, nó do chomhlacht arna ainmniú aige, láithreach faoin ngníomhaíocht arna déanamh aige.

## Airteagal 32

**Nós imeachta i gcás sárúithe tromchúiseacha**

1. Tar éis fógra a fháil faoi Airteagal 33 faoi shárú tromchúiseach féideartha amhail dá dtagraítear in Airteagal 33 ó chigire údaraithe de chuid páirtí conarthach, déanfaidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta lena mbaineann an méid seo a leanas gan mhoill:

- (a) glacadh lena oibleagáid imscrúdú a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle <sup>(13)</sup> agus, má tá cúis throm leis ó thaobh fianaise de, gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh in aghaidh an tsoithigh iascaireachta lena mbaineann agus fógra faoi sin a thabhairt d'údaráis an chigire údaraithe, don Choimisiún, nó do chomhlacht arna ainmniú aige, agus do Rúnaíocht WCPFC; nó

<sup>(13)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

(b) údarú d'údaráis an chigire údaraithe an t-imscrúdú ar an sárú féideartha a chur i gcrích agus fógra faoi sin a thabhairt don Choimisiún, nó do chomhlacht arna ainmniú aige, agus do Rúnaíocht WCPFC.

2. Láimhseálfaidh cigirí údaraithe de chuid an Aontais tuarascálacha cigireachta i gcomhréir le hAirteagal 76 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

3. Maidir le mír 1, pointe (b), cuirfidh údaráis Bhallstáit an chigire údaraithe an fhianaise shonrach arna bailiú ag na cigirí údaraithe, mar aon le torthaí a n-imscrúdaithe, faoi bhráid údaráis Stát brataí an tsoithigh iascaireachta láithreach ar chur i gcrích an imscrúdaithe. Tar éis fógra a fháil de bhun mhír 1, freagróidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta gan mhoill agus in aon chás tráth nach déanaí ná trí lá oibre.

### Airteagal 33

#### Sárú tromchúiseach

1. Is sárú tromchúiseach é gach ceann de na sárúithe seo a leanas, de réir bhrí Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009:

- (a) iascaireacht gan cheadúnas, gan chead ná gan údarú arna eisiúint ag an mBallstát brataí;
- (b) gan taifid leordhóthanacha a bheith coimeáda ar ghabháil agus sonraí a bhaineann le gabhálacha i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach sa Rialachán seo nó míthuairiscíú suntasach a dhéanamh ar ghabhálacha nó ar shonraí a bhaineann le gabhálacha den sórt sin;
- (c) iascaireacht i limistéar dúnta;
- (d) iascaireacht le linn séasúr coiscthe;
- (e) tógáil nó coinneáil speiceas d'aon ghnó de shárú ar aon CMM is infheidhme agus ar an Rialachán seo;
- (f) teorainneacha gabhála nó cuótaí gabhála a shárú go suntasach i ndeiseanna iascaireachta;
- (g) trealamh iascaireachta toirmiscthe a úsáid;
- (h) marcanna, aitheantas nó clárú soithigh iascaireachta a fhalsú nó a cheilt d'aon ghnó;
- (i) fianaise maidir le himscrúdú ar shárú a cheilt, an fhianaise sin a chur as a riocht nó a scriosadh;
- (j) iliomad sárúithe ar neamhaird thromchúiseach iad, nuair a chuirtear na sárúithe sin le chéile, ar bhearta atá i bhfeidhm de bhun an Rialacháin seo;
- (k) diúltú glacadh le bordáil agus le cigireacht;
- (l) bac míchuí nó moill mhíchuí a chur ar chigire údaraithe;
- (m) imeagló nó ionsaithe fisiciúla ar an mbreathnóir ROP;
- (n) VMS a chur as a riocht nó é a dhíchumasú d'aon ghnó;
- (o) iascaireacht ag soithí iascaireachta de chuid an Aontais nach liostaítear sa Taifead;
- (p) iascaireacht cóngarach do bhaoi sonraí nó baoi sonraí a thógáil ar bord de shárú ar Airteagal 9(1) nó (2).

2. I gcás ina suítear go raibh soitheach iascaireachta de chuid an Aontais rannpháirteach i sárú tromchúiseach, tarraingeoidh údaráis an Bhallstáit brataí ceadúnas an tsoithigh sin siar agus áiritheoidh siad nach mbeidh an soitheach sin ag iascaireacht i limistéar an Choinbhinsiúin sin go dtí go gcomhlíonfar na smachtbhannaí arna bhforchur ag an mBallstát brataí i leith an tsárúithe.

### Airteagal 34

#### Forfheidhmiú

1. Measfaidh údaráis an Bhallstáit brataí cur isteach ó shoithí iascaireachta a bhfuil bratach an Bhallstáit sin ar foluain acu, nó ó mháistir nó chriú na soithí sin ar chigire údaraithe nó ar shoitheach cigireachta údaraithe ar an mbealach céanna agus a mheasfar aon chur isteach den sórt sin a tharlaíonn laistigh dá dhlínse eisiach.

2. Rachaidh cigirí údaraithe de chuid an Aontais, agus gníomhaíochtaí á ndéanamh acu chun na nósanna imeachta a leagtar amach sa Rialachán seo a chur chun feidhme, i mbun faireachais a bheidh dírithe ar shoithí iascaireachta, de chuid Páirtithe neamh-Chonarthacha, nó soithí iascaireachta a bhfuil an chuma orthu nach bhfuil aon náisiúntacht acu, a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta ar an mórmhuir i Limistéar an Choinbhinsiúin, a shainnithint. Tuairisceofar aon soithí den sórt sin chuig an gCoimisiún agus chuig an mBallstát brataí, chuig an gCoimisiún, nó comhlacht arna ainmniú aige, agus chuig Rúnaíocht WCPFC láithreach.

3. Maidir leis na soithí iascaireachta de chuid páirtithe neamhchonarthacha dá dtagraítear i mír 2, tuairisceoidh na Ballstáit iad chuig an gCoimisiún, nó chuig comhlacht arna ainmniú aige, agus chuig Stát brataí an tsoithigh atá i gceist.

#### CAIBIDIL VII

### **Bearta Stáit an Chalafoirt**

#### *Airteagal 35*

### **Rialú Stát an Chalafoirt**

Comhoibreoidh máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais le húdaráis chalafoirt aon pháirtí conarthach chun bearta Stát an chalafoirt faoin gCoinbhinsiún agus faoin Rialachán seo a chur chun feidhme.

#### *Airteagal 36*

### **Nós imeachta i gcás ina bhfuil amhras maidir le hiascaireacht IUU**

I gcás, tar éis cigireacht chalafoirt, go bhfaighidh Ballstát tuarascáil chigireachta, lena dtugtar le fios go bhfuil forais shoiléire ann le creidiúint go raibh soitheach a raibh a bhrtach féin ar foluain aige i mbun iascaireacht neamhdhleathach, neamhrialáilte agus neamhthuaisricithe (IUU) nó gníomhaíochtaí a bhain le hiascaireacht mar thaca le hiascaireacht IUU, déanfaidh an Ballstát an cás a imscrúdú láithreach agus go hiomlán i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 agus Airteagal 25 den Choinbhinsiún.

#### CAIBIDIL VIII

### **Forálacha Críochnaitheacha**

#### *Airteagal 37*

### **Treoirlínte**

1. Soláthróidh an Coimisiún do na Ballstáit a bhfuil deiseanna iascaireachta acu sna hiascaigh atá á mbainistiú ag WCPFC, aon treoirlínte arna nglacadh ag WCPFC, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) na cleachtais láimhseála le haghaidh roic de chineál Mobulidae;
- (b) dea-chleachtais láimhseála le haghaidh míolsiorcanna agus siorcanna eile;
- (c) turtair mhara a láimhseáil; agus
- (d) scaoileadh sábháilte céiticeach.

2. Áiritheoidh na Ballstáit lena mbaineann go gcuirfear na treoirlínte dá dtagraítear i mír 1 ar fáil do mháistrí na soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá i mbun iascaireachta sna hiascaigh sin. Déanfaidh na máistrí sin gach beart réasúnach chun na treoirlínte sin a chur i bhfeidhm.

## Airteagal 38

## Tuairiscíú

1. Cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, faoin 20 Aibreán gach bliain, sonraí eolaíochta i gcomhréir le ceanglais tuairiscithe WCPFC is infheidhme maidir le sonraí eolaíochta agus, faoin 15 Meitheamh gach bliain, tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a chomhlíonfaidh ceanglais tuairiscithe WCPFC faoi CMManna, lena n-áirítear aon seiceálacha a d'fhorchuir na Ballstáit ar a gcabhlach agus aon bhearta faireacháin, rialaithe agus comhlíontachta a bhunaigh siad chun comhlíonadh na seiceálacha sin a áirithiú.
2. Déanfar gabháil agus iarracht iascaireachta ag soithí de chuid an Aontais a thuairiscíú faoi réir CMManna is infheidhme de réir na ngrúpaí speiceas seo a leanas: tuinnín colgach, tuinnín mórshúileach, boinótó aigéanach, tuinnín buí, colgán, mairlín eile, agus siorcanna. Soláthrófar meastacháin faoi líon na n-ábhar muirí aiscurtha agus scaoilte le haghaidh gach ceann de na speicis sin freisin. Soláthrófar meastacháin faoi ghabhálacha le haghaidh speiceas eile freisin mar a chinneann an Coimisiún.
3. Áireofar sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear i mír 1 go háirithe na nithe seo a leanas:
  - (a) leibhéil ghabhála soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu a thóg mairlín riabhach (*Kajikia audax*) mar fhoghabháil mar aon le líon agus leibhéil ghabhála na soithí a bhí ag iascach mairlín riabhach i Limistéar an Choinbhinsiúin ó dheas ó 15°D;
  - (b) na leibhéil ghabhála bhliantúla arna dtógáil ag gach ceann de na soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu a thóg tuinnín colgach an Aigéin Chiúin Theas (*Thunnus alalunga*), mar aon leis an líon soitheach atá ag iascach tuinnín colgach an Aigéin Chiúin Theas go gníomhach, i Limistéar an Choinbhinsiúin ó dheas ó 20°D;
  - (c) dul chun cinn chur chun feidhme an Rialacháin seo maidir le turtair mhara a chaomhnú, lena n-áirítear faisnéis a bhailítear ar idirghníomhaíochtaí le turtair mhara in iascaigh arna mbainistiú faoin gCoinbhinsiún;
  - (d) meastachán, trí shonraí arna mbailiú ó chlár bhreathnóirí agus trí bhealaí eile, ar líon na n-uaireanta a scaoileadh síodsiorcanna agus siorcanna bána aigéanacha, lena n-áirítear an stádas saoil tráth a scaoilte (marbh nó beo);
  - (e) líon na ndearbhuithe trasloingsithe WCPFC a fuarthas de bhun Airteagal 11(3) agus (4), a bhfuil seolta chuig an gCoimisiún acu;
  - (f) aon chásanna ina ndearnadh míolsiorcanna a chiorclú le heangacha peas-saighne na soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu, lena n-áirítear na sonraí a cheanglaítear faoi Airteagal 16(2), pointe (b);
  - (g) aon chás ina ndearnadh céiticigh a chiorclú le heangacha peas-saighne na soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu i gcomhréir le hAirteagal 18(2);
  - (h) gach oibríocht trasloingsithe a chumhdaítear le hAirteagal 11, i gcomhréir leis na treoirlínte in Iarscríbhinn II a ghabhann le CMM 2009-06;
  - (i) ráiteas bliantúil maidir le bearta comhlíontachta faoi Airteagal 25(8) den Choinbhinsiún a bhaineann le gníomhaíocht arna déanamh acu mar fhreagairt ar aon sárú líomhnaithe ar an Rialachán seo, lena n-áirítear bordáil agus cigireachtaí ar na soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu a d'fhág go bhfacthas sárúithe líomhnaithe, lena n-áirítear aon nós imeachta a tionscnaíodh agus aon smachtbhanna a cuireadh i bhfeidhm.
4. Ina theannta sin, mar chuid dá dtuarascáil bhliantúil dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh na Ballstáit líon iomlán na soithí a bhí ag iascach colgán agus an ghabháil iomlán colgán (*Xiphias gladius*) a thuairiscíú don Choimisiún le haghaidh:
  - (a) soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu ó dheas ó 20°D, seachas soithí a oibríonn faoi shocrú maidir le cairtfhostú, faoi léas nó faoi shásra comhchosúil eile mar chuid d'iascach intíre ag páirtí conarthach eile;
  - (b) soithí a oibríonn faoi shocrú maidir le cairtfhostú, faoi léas nó faoi shásra comhchosúil eile mar chuid dá n-iascach intíre ó dheas ó 20°D; agus
  - (c) aon soitheach eile atá ag iascach laistigh dá n-uiscí ó dheas ó 20°D.
5. Tuairisceoidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún, nó chuig comhlacht arna ainmniú aige, a luaithe is féidir freisin aon chás ina bhfeictear soithí iascaireachta is cosúil nach bhfuil náisiúntacht acu agus a fhéadfaidh a bheith ag iascach speiceas a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún ar mórmhuir Limistéar an Choinbhinsiúin.

*Airteagal 39***Neamhchomhlíontacht líomhnaithe arna tuairisciú ag WCPFC**

1. Má fhaigheann an Coimisiún aon fhaisnéis ó WCPFC ina léireofar amhras nár chomhlíon Ballstát nó soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu an Coinbhinsiún nó CMM, tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig an mBallstát lena mbaineann gan mhoill.
2. Déanfaidh an Ballstát torthaí aon imscrúdaithe a dhéantar i ndáil leis na líomhaintí maidir le neamhchomhlíonadh, agus aon bheart atá déanta chun aghaidh a thabhairt ar nithe is ábhar inní ó thaobh comhlíonta de, a chur in iúl don Choimisiún, nó do chomhlacht arna ainmniú aige, laistigh de mhí amháin tar éis dó an fhaisnéis amháin dá dtagraítear i mír 1 a fháil ón gCoimisiún.
3. Cuirfidh an Coimisiún na torthaí dá dtagraítear i mír 2 ar aghaidh chuig WCPFC ar a laghad 60 lá roimh chruinniú Choiste Teicniúil agus Comhlíontachta WCPFC.

*Airteagal 40***Rúndacht agus cosaint sonraí**

1. I dteannta na n-oibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 112 agus 113 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, áiríteoidh na Ballstáit agus an Coimisiún, nó an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún faoin Rialachán seo, gur i modh rúin a dhéileálfar leis na tuarascálacha leictreonacha agus leis na teachtaireachtaí leictreonacha a tharchuirfear chuig Rúnaíocht WCPFC agus a gheofar uaithi.
2. Na sonraí pearsanta uile a bhaileofar, a aistrefar agus a stórálfar faoin Rialachán seo, déileálfar leo i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725.
3. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a phróiseáiltear faoin Rialachán seo a stóráil ar feadh tréimhse níos faide ná 10 mbliana, ach amháin má tá na sonraí pearsanta sin riachtanach chun go bhféadfar obair leantach a dhéanamh ar shárú nó ar chigireacht, nó chun críche nósanna imeachta breithiúnacha nó riaracháin. Sna cásanna sin, féadfar sonraí pearsanta a stóráil ar feadh 20 bliain. Má dhéantar sonraí pearsanta a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide, déanfar iad a anaithnidíú.

*Airteagal 41***An nós imeachta maidir le leasuithe**

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 42 chun an Rialachán seo a leasú maidir leis an méid seo a leanas:
  - (a) an fhaisnéis ar shoithí atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 23(1);
  - (b) ceanglais VMS dá bhforáiltear in Airteagal 26;
  - (c) an céatadán den chlúdach breathnóra faoin gClár dá dtagraítear in Airteagal 28(4);
  - (d) cearta agus oibleagáidí bhreathnóirí ROP dá dtagraítear in Airteagal 28(9) agus (10);
  - (e) cearta agus oibleagáidí na n-oibreoirí, máistrí agus criúnna soithí dá dtagraítear in Airteagal 29;
  - (f) sprioc-amanna tuairiscithe le haghaidh na hoibleagáide tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 38(1);
  - (g) Iarscríbhinní I go VI.
2. Beidh na cumhachtaí tarmligthe dá dtagraítear i mír 1 teoranta go docht do chur chun feidhme leasuithe ar CMManna, nó do leasuithe eile a chur ina n-ionad, atá ceangailteach ar an Aontas, i ndlí an Aontais.

*Airteagal 42***An tarmligeán a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 41 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ón 15 Samhain 2022. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfheid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 41 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 41 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

#### *Airteagal 43*

### **Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 520/2007**

Scríostar Airteagal 4(4) agus Airteagal 28 de Rialachán (CE) Uimh. 520/2007.

#### *Airteagal 44*

### **Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 19 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*  
An tUachtarán  
R. METSOLA

*Thar ceann na Comhairle*  
An tUachtarán  
M. BEK

## IARSCRÍBHINN I

## BEARTA MAOLAITHE MAIDIR LE HÉIN

Tábla 1: Bearta Maolaithe

Colún A	Colún B
Duáin arna gcur go cliathánach le cuirtín éan agus fodhoruithe meáite <sup>(1)</sup>	Líne scanraithe éan <sup>(2)</sup>
Duáin a chur le linn na hoíche gan de shoilsiú deice ach a laghad is gá	Baoite arna ruaimniú le dath gorm
Líne scanraithe éan	Lámhachóir a chuireann doruithe go domhain faoi uisce
Fodhoruithe meáite	Sceitheadh scairtí thar bord a bhainistiú
Gairis chosanta duán <sup>(3)</sup>	

<sup>(1)</sup> Má úsáidtear duáin arna gcur go cliathánach le cuirtín éan agus fodhoruithe meáite ó Cholún A, measfar gur dhá bheart mhaolaithe a bheidh i gceist leis sin.

<sup>(2)</sup> Má roghnaítear líne scanraithe éan ó Cholún A agus ó Cholún B araon, is ionann sin agus dhá líne scanraithe éan (i.e. línte péireáilte) a úsáid go comhuaineach.

<sup>(3)</sup> Is féidir gairis chosanta duán a úsáid mar bheart aonair.

## Sonraíochtaí

## 1. Línte scanraithe éan (Ó dheas ó 25 ° Ó Dheas)

(a) Le haghaidh soithí  $\geq 35$  m a bhfad san iomlán

- (i) Líne scanraithe éan amháin ar a laghad a imscaradh. I gcás ina féidir é, spreagtar lucht soithí an dara líne scanraithe éan a úsáid tráth a bhíonn an-chuid éan nó an-ghníomhaíocht éan ann; déanfar an dá líne scanraithe éan a imscaradh go comhuaineach, ceann ar gach taobh den líne a bheidh á cur. Má úsáidfeadh dhá líne scanraithe éan, déanfar duáin bhaoiteáilte a imscaradh laistigh den limistéar arb iad an dá líne scanraithe éan a theorainneacha.
- (ii) Úsáidfeadh líne scanraithe éan lena n-úsáidfeadh sraoilleáin fhada agus sraoilleáin ghearra. Is éard a bheidh i sraoilleáin: sraoilleáin ar dhathanna geala, meascán de shraoilleáin fhada agus de shraoilleáin ghearra.
  - (1) Cuirfeadh sraoilleáin fhada ag eatraimh nach faide ná 5 m, agus ní mór sraoilleáin fhada a cheangal leis an dorú le sclóin lena gcuirfeadh cosc ar shraoilleáin filleadh ar an dorú. Ní mór sraoilleáin fhada ar fhad leordhóthanach a úsáid chun go sroichfeadh dromchla na farraige in aimsir chiúin.
  - (2) Cuirfeadh sraoilleáin ghearra (is faide ná 1 m) achar nach faide ná 1 m ó chéile.
- (iii) Déanfar an líne scanraithe éan a imscaradh i soithí chun go mbainfeadh réim aeir inmhanaithe amach atá níos mó ná 100 m nó cothrom leis. Chun an réim aeir sin a bhaint amach, beidh an líne scanraithe éan 200 m ar fad ar a laghad, agus beidh an líne ceangailte le slat scanraithe éan  $> 7$  m os cionn dhromchla na farraige a bheidh lonnaithe a chónagaraí do dheireadh an tsoithigh agus a bheidh praiticiúil.
- (iv) Mura n-úsáideann soithí ach líne scanraithe éan amháin, cuirfeadh an líne scanraithe éan in úsáid ar thaobh na gaoithe ó bhaoití báite.

(b) Le haghaidh soithí a bhfuil a bhfad iomlán  $< 35$  m

- (i) Úsáidfeadh líne scanraithe éan amháin lena n-úsáidfeadh sraoilleáin fhada agus sraoilleáin ghearra, nó sraoilleáin ghearra agus iad sin amháin.
- (ii) Is éard a bheidh i sraoilleáin: sraoilleáin fhada agus/nó sraoilleáin ghearra ar dhathanna geala (ach ar mó ná 1 m ar a bhfad iad); ní mór sraoilleáin a úsáid agus a chur ag eatraimh mar a leanas:
  - (1) Cuirfeadh sraoilleáin fhada ag eatraimh nach faide ná 5 m le haghaidh an chéad 75 m de líne scanraithe éan.
  - (2) Cuirfeadh sraoilleáin ghearra ag eatraimh nach faide ná 1 m.
- (iii) Ba cheart sraoilleáin fhada a cheangal leis an líne ar bhealach lena gcuirfeadh cosc ar shraoilleáin filleadh ar an líne. Sroichfidh gach sraoilleán fada dromchla na farraige in aimsir chiúin. Féadfaid sraoilleáin a mhodhnú ar feadh an chéad 15 m chun go seachnófar na sraoilleáin a bheidh ag dul in aimhréidh.

- (iv) Déanfar an líne scanraithe éan a imscaradh i soithí chun go mbainfear réim aeir 75 m amach ar a laghad. Chun an réim aeir sin a bhaint amach, ceanglófar an líne scanraithe éan le cuaille scanraithe éan > 6 m os cionn dhromchla na farraige agus é lonnaithe a chónagaraí do dheireadh an tsoithigh agus a bheidh praiticiúil. Ní mór cúltraingt leordhóthanach a chruthú chun an réim aeir a uasmhéadú agus chun an líne a choinneáil díreach taobh thiar den soitheach i rith trasghaoth. Chun go seachnófar na sraoilleáin a bheidh ag dul in aimhréidh, is fearr a bhaintear sin amach agus cuid fhada de théad, a bheidh san uisce a úsáid, nó trí aonfhiliméad a úsáid.
- (v) Má úsáidtear dhá líne scanraithe éan, ní mór an dá líne a imscaradh ar dhá thaobh urchomhaireacha an phríomhdhoraithe.

## 2. Línte scanraithe éan (Ó Thuaidh ó 23° Ó Thuaidh)

### (a) Sraoilleán Fada

- (i) Fad íosta: 100 m
- (ii) Ní mór é a cheangal leis an soitheach ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh sé á chrochadh ó phointe is airde ná 5 m ar a laghad os cionn an uisce ag deireadh an tsoithigh ar thaobh na gaoithe den phointe mar a dtéann dorú an duáin isteach san uisce.
- (iii) Ní mór é a cheangal ar bhealach a fhágfaidh go gcoinneofar an réim aeir os cionn na nduán baoiteáilte báite.
- (iv) Ní mór sraoilleáin a bheidh achar is giorra ná 5 m ó chéile, ní mór sclóin a bheidh á n-úsáid agus ní mór na sraoilleáin a bheidh fada go leor go mbeidh siad chomh cóngarach don uisce agus is féidir.
- (v) Má úsáidtear dhá líne scanraithe éan (i.e. línte péireáilte), ní mór an dá líne a chur in úsáid ar dhá thaobh urchomhaireacha an phríomhdhoraithe.

### (b) Sraoilleán Gearr (Le haghaidh soithí a bhfuil a bhfad iomlán $\geq$ 24 m)

- (i) Ní mór é a cheangal leis an soitheach ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh sé á chrochadh ó phointe is airde ná 5 m ar a laghad os cionn an uisce ag deireadh an tsoithigh ar thaobh na gaoithe de phointe mar a dtéann dorú an duáin isteach san uisce.
- (ii) Ní mór é a cheangal ar bhealach a fhágfaidh go gcoinneofar an réim aeir os cionn na nduán baoiteáilte báite.
- (iii) Ní mór sraoilleáin a bheidh achar is lú ná 1 m ó chéile agus 30 cm ar a laghad a bhfad.
- (iv) Má úsáidtear dhá líne scanraithe éan (i.e. línte péireáilte), ní mór an dá líne a chur in úsáid ar dhá thaobh urchomhaireacha an phríomhdhoraithe.

### (c) Sraoilleán Gearr (Le haghaidh soithí a bhfuil a bhfad iomlán > 24 m)

Déanfar athbhreithniú ar an dearadh sin tráth nach déanaí ná trí bliana ón dáta cur chun feidhme bunaithe ar shonraí eolaíochta.

- (i) Ní mór é a cheangal leis an soitheach ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh sé á chrochadh ó phointe is airde ná 5 m ar a laghad os cionn an uisce ag deireadh an tsoithigh ar thaobh na gaoithe de phointe mar a dtéann dorú an duáin isteach san uisce.
- (ii) Ní mór é a cheangal ar bhealach a fhágfaidh go gcoinneofar an réim aeir os cionn na nduán baoiteáilte báite.
- (iii) Má úsáidtear sraoilleáin, spreagtar sraoilleáin a úsáid a bheidh deartha sa chaoi gur giorra ná 1 m ó chéile iad agus gur 30 cm ar a laghad iad ar a bhfad.
- (iv) Má úsáidtear dhá líne scanraithe éan (i.e. línte péireáilte), ní mór an dá líne a imscaradh ar dhá thaobh urchomhaireacha an phríomhdhoraithe.

## 3. Duáin arna gcur go cliathánach le cuirtín éan agus fodhoruithe meáite

- (a) Príomhdhorú arna chur in úsáid ón gclébhord nó ón deasbhord chomh fada ó dheireadh an tsoithigh agus a bheidh praiticiúil (1 m ar a laghad), agus má úsáidtear lámhachóir príomhdhoraithe, ní mór é a ghléasadh 1 m ar aghaidh ó dheireadh an tsoithigh ar a laghad.
- (b) Nuair a bheidh éanlaith mhara i láthair, ní mór a áirithiú leis an trealamh go mbeidh an príomhdhorú a dhéanfar a imscaradh scaoilte chun go bhfanfaidh duáin bhaoiteáilte faoin uisce.
- (c) Ní mór an cuirtín éan a chur in úsáid:
  - (i) slat deiridh lámhachóra doraithe 3 m ar a fhad ar a laghad;
  - (ii) trí phríomhshraoilleán ar a laghad agus iad ceangailte leis an 2 m uachtarach den tslat;

- (iii) príomhshraoilleán ar trastomhas 20 mm ar a laghad;
- (iv) sraoilleáin fhodhoruithe ceangailte le deireadh gach príomhshraoilleáin, atá fada go leor go mbeidh siad á dtarraingt ar an uisce (gan aon ghaoth ann) – ar trastomhas 10 mm ar a laghad

4. Doruithe a chur le linn na hoíche

- (a) Gan aon dorú a chur idir camhóir mhuirí agus coineascar muirí.
- (b) Sainmhínítear coineascar muirí agus camhóir mhuirí mar a leagtar amach i dtáblaí an Almanáig Loingseoireachta le haghaidh domhanleithead ábhartha, am áitiúil agus an dáta.
- (c) Gan de shoilsiú deice a úsáid ach a laghad is gá. Níor cheart don soilsiú deice caighdeáin íosta le haghaidh na sábháilteachta agus na loingseoireachta a sháru.

5. Fodhoruithe meáite

Éilítear na sonraíochtaí íosta meáchain seo a leanas:

- (a) aon tromán amháin atá níos mó ná 40 g nó cothrom leis laistigh de 50 cm ón duán;
- (b) atá níos mó ná 45 g nó cothrom leis san iomlán agus é ceangailte le pointe laistigh de 1 m ón duán;
- (c) atá níos mó ná 60 g san iomlán nó cothrom leis agus é ceangailte le pointe laistigh de 3,5 m ón duán; or
- (d) ina bhfuil le 98 g nó níos mó de mheáchan san iomlán agus é ceangailte le pointe laistigh de 4 m ón duán.

6. Gairis chosanta duán

Tá gairis chosanta duán ina gcásáil ar phointe agus ar fhriofac na nduán baoiteáilte chun ionsaithe ó éanlaith mhara a sheachaint le linn doruithe a chur. Formheasadh na gairis seo a leanas le húsáid in iascaigh WCPFC:

Cochaill duáin, a chomhlíonann na saintréithe feidhmíochta seo a leanas:

- (a) tá an gaireas ina chásáil ar phointe agus ar fhriofac an duáin go dtí go sroichfidh sé 10 m ar domhain ar a laghad nó go mbeidh sé tumtha ar feadh 10 nóiméad ar a laghad;
- (b) comhlíonann an gaireas caighdeáin íosta reatha maidir le meá fodhoruithe mar a shonraítear san Iarscríbhinn seo; and
- (c) beidh an gaireas deartha chun é a choinneáil ar an trealamh iascaireachta seachas é a chailleadh.

7. Sceitheadh scairtí thar bord a bhainistiú

- (a) gan sceitheadh scairtí thar bord le linn doruithe a bheith á gcur nó á dtarlú;
- (b) nó sceitheadh straitéiseach scairtí thar bord ón taobh eile den bhád mar a mbeidh doruithe á gcur/á dtarlú chun éin a spreagadh ar shiúl ó dhuáin bhaoiteáilte.

8. Baoite arna ruaimniú le dath gorm

- (a) Má úsáidfeadh baoite arna ruaimniú le dath gorm, ní mór an baoite a bheith leáite go hiomlán nuair a ruaimneofar é.
- (b) Dáilfidh Rúnaíocht WCPFC póstaer maidir le dathanna caighdeánaithe.
- (c) Ní mór gach baoite a ruaimniú de réir imire an datha a thaispeántar sa phóstaer.

9. Lámhachóir a chuireann doruithe go domhain faoi uisce

- (a) Ní mór lámhachóirí doraithe a imscaradh ar bhealach a fhágfaidh go gcuirfeadh na duáin cuid mhaith níos doimhne ná mar a chuirfeadh mura mbeadh an lámhachóir doraithe á úsáid, agus sa chaoi go sroichfidh tromlach na nduán doimhneacht 100 m ar a laghad.

## IARSCRÍBHINN II

## MARCÁLACHA AGUS SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA EILE MAIDIR LE SOITHÍ IASCAIREACHTA

1. Taispeánfaidh soithí iascaireachta de chuid WIN i mBéarla go feiceálach i gcónaí:
  - (a) ar chabhail nó ar fhorstruchtúr an tsoithigh, ar clébhord agus ar deasbhord. Féadfaidh oibreoirí feistis a chur a chlaonfar ar uillinn le taobh nó le forstruchtúr an tsoithigh ar choinníoll nach gcuirfeadh uillinn an chlaonta bac ar fheiceálacht an chomhartha ó bhád eile ná ón aer;
  - (b) ar dheic, ach amháin mar a fhoráiltear i mír 3. Dá gcuirfí díonbhrat nó cumhdach sealadach eile sa chaoi go mbeidh an mharcáil ar dheic faoi cheilt, ba cheart an díonbhrat nó an cumhdach a mharcáil freisin. Ba cheart na marcanna sin a chur trasna an tsoithigh ar dronuilleann leis an gcéile agus barr na n-uimhreacha nó na litreacha i dtreo cheann an bháid.
2. Cuirfear WIN:
  - (a) chomh hard agus is féidir os cionn na líne snámha ar an dá thaobh den bhád agus áiritheofar go seachnófar na codanna sin den chabhail ar nós fhléar cheann agus dheireadh an tsoithigh;
  - (b) ar bhealach nach bhféadfaidh go mbeidh na marcanna faoi cheilt de dheasca an trealaimh iascaireachta cibé acu atá sé stuáilte nó in úsáid nó nach bhfuil;
  - (c) ar bhealach nach rachaidh sruth scupar nó sceitheadh thar bord orthu lena n-áirítear codanna de na marcanna a bhféadfaí damáiste nó dídhathú a dhéanamh orthu de dheasca cineálacha áirithe speicis a bheith á ngabháil; agus
  - (d) ionas nach rachaidh na marcanna chomh fada le codanna den bhád a bheidh faoi bhun na líne snámha.
3. Ní cheanglófar ar shoithí gan léibheann WIN a thaispeáint ar dhromchla cothrománach. Spreagtar oibreoirí chun clár a fheistiú, áfach, ar a gcuirfear an WIN chun go bhféadfar é a fheiceáil go soiléir ón aer.
4. Beidh WIN céanna agus a bheidh ar an soitheach lena mbaineann ar bháid, ar choití agus ar árthaigh arna n-iompar ag an soitheach le haghaidh oibríochtaí iascaireachta.
5. Comhlíonfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais an méid seo a leanas agus WIN á cur ar an soitheach:
  - (a) bloclitreoireacht agus blocuimhreacha a úsáid ar fud WIN;
  - (b) beidh leithead na litreacha agus na n-uimhreacha i gcomhréir leis an airde;
  - (c) beidh airde (h) na litreacha agus na n-uimhreacha i gcomhréir le méid an tsoithigh agus i gcomhréir leis an méid seo a leanas:
    - (i) cuirfear WIN ar an gcabhail, ar an bhforstruchtúr agus/nó ar dhromchlaí claonta: beidh fad iomlán an tsoithigh (LOA) ar taispeáint i méadair (m); ní bheidh airde na litreacha agus na n-uimhreacha i méadair (m) níos lú ná: 1,0 m le haghaidh soithí atá 25 m agus os a chionn, 0,8 m le haghaidh soithí atá 20 m ach níos lú ná 25 m, 0,6 m le haghaidh soithí atá 15 m ar a laghad ach níos lú ná 20 m, 0,4 m le haghaidh soithí atá 12 m ar a laghad ach níos lú ná 15 m, 0,3 m le haghaidh soithí atá 5 m ar a laghad ach níos lú ná 12 m, 0,1 m le haghaidh soithí faoi bhun 5 m;
    - (ii) maidir le WIN a chuirfear ar deic: ní bheidh an airde níos lú ná 0,3 m le haghaidh gach aicme soithigh atá 5 m agus os a chionn;
  - (d) is ionann fad an fhleiscín agus leath airde na litreacha agus na n-uimhreacha;
  - (e) is  $h/6$  atá i leithead na stríce le haghaidh na litreacha agus na n-uimhreacha uile agus an fhleiscín;
  - (f) níl an spás idir litreacha agus/nó uimhreacha os cionn  $h/4$  ná níos lú ná  $h/6$ ;
  - (g) níl an spás idir litreacha cóngaracha a bhfuil taobhanna ar fána acu thar  $h/8$  ná níos lú ná  $h/10$ ;
  - (h) tá WIN bán, agus é ar chúlra dubh, nó dubh ar chúlra bán;
  - (i) déanfar an cúlra a shíneadh chun go mbeidh teorainn timpeall WIN nach lú ná  $h/6$ ;

- (j) úsáidtear péint mhuirí ar ardchaighdeán ar fud WIN;
  - (k) comhlíonann WIN riachtanais na sonraíochtaí sin i gcás ina n-úsáidfeadh substaintí ais-fhrithchaiteacha nó substaintí giniúna teasa; agus
  - (l) coinnítear WIN agus an cúlra i ndea-riocht i gcónaí.
- \_\_\_\_\_

## IARSCRÍBHINN III

**CAIGHDEÁIN ÍOSTA LE HAGHAIDH CUMARSÁIDITHE UATHOIBRÍOCHA SUÍMH A ÚSÁIDTEAR I GCÓRAS UM FHAIREACHÁN SOITHÍ WCPFC**

1. Cuirfidh an Cumarsáidí Uathoibríoch Suímh na sonraí seo a leanas in iúl go huathoibríoch agus go neamhspleách ar aon idirghabháil ón soitheach:
  - (i) Aitheantóir uathúil statach an Chumarsáidí Uathoibríoch Suímh;
  - (ii) suíomh geografach reatha (domhanleithead agus domhanfhad) an tsoithigh; agus
  - (iii) dáta agus am (arna sloinneadh in Am Uilíoch Lárnach [AUL]) shocrú shuíomh an tsoithigh dá dtagraítear i bpointe (ii).
2. Gheofar na sonraí dá dtagraítear i mír 1, pointí (ii) agus 1 (iii), ó chóras suite satailít-bhunaithe.
3. Ní mór Cumarsáidithe Uathoibríocha Suímh arna bhfeistiú ar shoithí iascaireachta a bheith in ann sonraí, dá dtagraítear i mír 1, a tharchur uair amháin in aghaidh na huaire.
4. Gheobhaidh WCPFC na sonraí dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 90 nóiméad ó thráth a nginte ag an gCumarsáidí Uathoibríoch Suímh, faoi ghnáthdhálaí oibríochtúla.
5. Ní mór Cumarsáidithe Uathoibríocha Suímh arna bhfeistiú ar shoithí iascaireachta a chosaint chun go gcaomhnófar slándáil agus ionracas na sonraí dá dtagraítear i mír 1.
6. Ní mór stóráil na faisnéise laistigh den Chumarsáidí Uathoibríoch Suímh a bheith sábháilte, slán agus comhtháite faoi ghnáthdhálaí oibríochtúla.
7. Ní mór nach mbeidh sé indéanta le réasún ag aon duine eile seachas an t-údarás faireacháin aon chuid de shonraí an údaráis sin arna stóráil sa Chumarsáidí Uathoibríoch Suímh a athrú, lena n-áirítear minicíocht tuairiscithe an tsuímh chuig an údarás sin.
8. Ní dhéanfar le haon ghné atá ina cuid de struchtúr an Chumarsáidí Uathoibríoch Suímh, nó ina cuid de bhogearraí teirminéil chun cúnaimh a thabhairt le seirbhísí, rochtain neamhúdaráithe a cheadú ar aon réimse den Chumarsáidí Uathoibríoch Suímh lena bhféadfaí oibriú VMS a chur i mbaol.
9. Déanfar Cumarsáidí Uathoibríocha Suímh a shuiteáil ar shoithí i gcomhréir le sonraíochtaí a monaróirí agus le caighdeáin is infheidhme.
10. Faoi ghnáthdhálaí oibríochtúla na loingseoireachta satailíte, ní mór suíomhanna a dhíorthaítear ó na sonraí a chuirtear ar aghaidh a bheith cruinn go dtí achar laistigh de 100 méadar cearnach de Fhréamh Meáin Cearnóg na bhFad (DRMS) (i.e. ní mór 98 % de na suíomhanna a bheith laistigh den raon sin).
11. Ní mór an Cumarsáidí Uathoibríoch Suímh agus/nó an soláthraí seirbhíse um chur ar aghaidh a bheith in ann tacú leis an gcumas chun sonraí a sheoladh chuig il-chinn scríbe neamhspleácha.
12. Beidh an díchódóir loingseoireachta satailíte agus an tarchuradóir loingseoireachta satailíte comhtháite go hiomlán agus suite san fheireadh fisiciúil crioscaíldíonach céanna.
13. Formáid chaighdeánach is ea an méid seo a leanas maidir le suíomh soithigh a thuairisciú de láimh i gcás Mífheidhmiú nó Cliseadh an Chumarsáidí Uathoibríoch Suímh:
  - (a) WIN
  - (b) Ainm an tSoithigh
  - (c) Dáta: ll/mm/bb
  - (d) Am: Formáid 24 uair an chloig UU:NN (AUL)
  - (e) Domhanleithead –DD-MM-SS (T/D)
  - (f) Domhanfhad –DDD-MM-SS (O/I)
  - (g) Gníomhaíocht (Iascaireacht/Cuardach/Idirthuras/Trasloingsiú)

## IARSCRÍBHINN IV

## FAISNÉIS ATÁ LE CUR SAN ÁIREAMH I NDEARBHÚ TRASLOINGSITHE WCPFC

1. Aitheantóir uathúil doiciméid
2. Ainm agus WIN an tsoithigh iascaireachta
3. Ainm agus WIN an tsoithigh iompair
4. An trealamh iascaireachta a úsáideadh chun na héisc a thógáil
5. Cainníocht an táirge <sup>(1)</sup> (lena n-áirítear speicis agus a staid phróiseáilte <sup>(2)</sup>) atá le trasloingsiú
6. Staid an éisc (úr nó reoite)
7. Cainníocht an fhotháirge <sup>(3)</sup> atá le trasloingsiú
8. Suíomh geografach <sup>(4)</sup> na ngabhálacha de stoic éisc mhórimirceacha
9. Dáta agus suíomh <sup>(5)</sup> an trasloingsithe;
10. Más infheidhme, ainm agus síniú an bhreathnóra ó WCPFC
11. Cainníocht an táirge atá ar bord an tsoithigh ghlactha cheana agus tionscnamh geografach <sup>(6)</sup> an táirge sin.

---

<sup>(1)</sup> Tuinníní agus speicis atá cosúil le tuinníní

<sup>(2)</sup> iomlán; glanta agus dícheannta; glanta, dícheannta agus an t-eireaball bainte; glanta amháin, gan bheith geolbhaithe; geolbhaithe agus glanta; geolbhaithe, glanta agus an t-eireaball bainte; eítí siorcanna.

<sup>(3)</sup> Speicis nach tuinníní iad agus speicis atá cosúil le tuinníní.

<sup>(4)</sup> Ciallaíonn suíomh geografach na gabhála faisnéis ar leor í chun a shuíomh cén cion den ghabháil a tógadh sna limistéir seo a leanas: ar an mórmhuir, lasmuigh de Limistéar an Choinbhinsiúin, in EEZanna (liostaithe ar leithligh). Suíomh na ngabhálacha nach bhfuil riachtanach don soitheach glactha.

<sup>(5)</sup> Ní mór suíomh an trasloingsithe a bheith i ndomhanleithead agus domhanfhad deachúil go dtí an 0,1 céim is gaire agus tuairisc ar an suíomh a bheith ag gabháil leis, amhail ar an mórmhuir, lasmuigh de Limistéar an Choinbhinsiúin nó laistigh de EEZ ainmnithe.

<sup>(6)</sup> Tuairisceofar tionscnamh an táirge de réir limistéar ERBI agus áireofar sa tuairisc cainníocht an táirge ó gach limistéar éagsúil.

## IARSCRÍBHINN V

## COMHORDANÁIDÍ AGUS LÉARSCÁIL DE PHÓCA MÓRMHARA AN OIRTHIR

DOMHANFHAD	DOMHANLEITHEAD
-155,495308	-11,375548
-155,498321	-11,391248
-155,375667	-11,6652
-155,144789	-12,031226
-155,087069	-12,286791
-155,011312	-12,527927
-154,988916	-12,541928
-155,011131	-12,528155
-155,4405	-12,58823
-155,8398	-12,7045
-156,3396	-12,96024
-156,748	-13,26971
-157,0805	-13,57845
-157,4277	-13,99567
-157,6434	-14,37697
-157,7986	-14,73752
-157,9131	-15,11709
-157,962	-15,46605
-158,039622	-15,653761
-158,122829	-15,877123
-158,127739	-15,869203
-158,231024	-15,803568
-158,36955	-15,745447
-158,496828	-15,694033
-158,661362	-15,634953
-158,821586	-15,583395
-159,026918	-15,539192
-159,190663	-15,503491
-159,372631	-15,472738
-159,548569	-15,453715
-159,736692	-15,448871
-159,90316	-15,449959
-160,083542	-15,463548
-160,226654	-15,480612
-160,365423	-15,495182
-160,451319	-15,514117

DOMHANFHAD	DOMHANLEITHEAD
-160,406016	-15,448192
-160,316351	-15,338878
-160,217964	-15,213622
-160,156932	-15,110787
-160,074995	-14,978629
-160,011413	-14,890788
-159,926847	-14,750107
-159,87787	-14,621808
-159,79653	-14,407807
-159,75968	-14,275899
-159,711458	-14,113648
-159,682425	-13,98575
-159,655144	-13,863674
-159,621745	-13,726376
-159,619708	-13,634445
-159,616001	-13,561895
-159,614094	-13,509574
-159,561966	-13,476838
-159,464666	-13,417237
-159,323121	-13,349332
-159,212807	-13,287211
-159,104174	-13,209011
-158,983445	-13,143509
-158,882253	-13,049931
-158,744371	-12,94646
-158,649624	-12,872332
-158,560938	-12,795621
-158,495677	-12,723884
-158,424306	-12,639442
-158,333838	-12,548261
-158,2853	-12,45563
-158,071642	-12,43816
-157,8909	-12,42376
-157,747379	-12,436771
-157,631174	-12,428707
-157,4811	-12,39678
-157,229515	-12,356368
-157,039477	-12,306157

DOMHANFHAD	DOMHANLEITHEAD
-156,868471	-12,243143
-156,665366	-12,174288
-156,495214	-12,106995
-156,3649	-12,01769
-156,25113	-11,967768
-156,113903	-11,894359
-156,012144	-11,844092
-155,895851	-11,761728
-155,77415	-11,66355
-155,688884	-11,572012
-155,593209	-11,478779
-155,495308	-11,375548




Eochair:

1. Póca Mórmhara an Oirthir (E-HSP)
2. An Mhórmhuir
3. Kiribati
4. Oileáin Cook
5. Polainéis na Fraince

## IARSCRÍBHINN VI

## LÉARÁID SCÉIMREACH DE DHORÚ SIORCA



Eochair:

1. Spiléir
  2. Snámhán
  3. Líne Snámha
  4. Doruithe siorca
  5. Príomhlíne
  6. Snúdaí
-